# RIALACHÁN (AE) 2022/132 ÓN gCOIMISIÚN

## an 28 Eanáir 2022

## lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le nuashonraithe a chur chun feidhme ar an staidreamh fuinnimh bliantúil agus gearrthéarmach míosúil

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2008 maidir le staidreamh fuinneamh ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(3), Airteagal 5(3) agus Airteagal 9(2) agus (3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 bunaítear creat coiteann maidir le soláthar, tarchur, agus scaipeadh staidrimh inchomparáide i dtaca le fuinneamh san Aontas, mar aon le meastóireacht a dhéanamh air.

(2) Ní mór staidreamh fuinnimh a fhorbairt i gcónaí i ngeall ar a thapa a dhéantar dul chun cinn sa teicneolaíocht, i ngeall ar fhorás bheartais fuinnimh an Aontais agus i ngeall ar a thábhachtaí atá sé spriocanna an Aontais agus an faireachán a dhéantar ar an dul chun cinn atá déanta maidir lena mbaint amach a bhunú ar shonraí oifigiúla fuinnimh. Dá bhrí sin, ní mór nuashonrú rialta a dhéanamh ar an gcreat Eorpach um thuairisciú staidrimh fuinnimh lena léiriú na riachtanais atá ag dul i méid nó atá ag athrú.

(3) Trí staidreamh fuinnimh ardcháilíochta iontaofa a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar na spriocanna beartais faoi phacáiste an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus pacáistí an Aontais Fuinnimh, ba cheart inchreidteacht bheartas fuinnimh an Aontais a fheabhsú.

(4) Shainaithin an Coimisiún roinnt gnéithe den staidreamh bliantúil agus míosúil gearrthéarmach nach mór a nuashonrú. Baineann siad go háirithe le dí-chomhiomlánú níos mó ar an staidreamh maidir le tomhaltas deiridh fuinnimh i seirbhísí agus san iompar, iompróirí nua fuinnimh amhail hidrigin, sonraí nua maidir le giniúint agus stóráil leictreachais, sonraí níos mionsonraithe maidir le foinsí fuinnimh in-athnuaite, sonraí nua measta chun comharduithe fuinnimh a tháirgeadh níos luaithe, agus tráthúlacht níos fearr maidir le bailiú bliantúil sonraí. Ina theannta sin, baintear na ceanglais tuairiscithe a bhaineann le staidreamh míosúil gearrthéarmach le haghaidh gás nádúrtha agus táirgí ola agus peitriliam, toisc go bhfuil sonraí míosúla atá níos iomláine ar fáil anois agus tá tráthúlacht níos fearr ag baint leo. Rinne an Coimisiún roinnt gnéithe teicniúla a phlé agus a chomhaontú leis na Ballstáit, lena n-áirítear raon feidhme, féidearthacht, costais táirgthe, rúndacht agus ceanglais tuairiscithe.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 a leasú dá réir sin.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach, arna bhunú le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na nIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008.

([1]) IO L 304, 14.11.2008, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Eanáir 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

*"IARSCRÍBHINN A*

**SOILÉIRITHE AR THÉARMAÍOCHT**

Soláthraítear san Iarscríbhinn seo míniúcháin, nótaí geografacha agus sainmhínithe ar théarmaí a úsáidtear sna hiarscríbhinní eile, mura sonraítear a mhalairt sna hiarscríbhinní seo.

1. **NÓTAÍ GEOGRAFACHA**

Chun críocha staidreamh a thuairisciú, agus chun na gcríoch sin amháin, beidh feidhm ag na sainmhínithe geografacha seo a leanas:

— ní fholaítear leis an Astráil na críocha thar lear,

— ní fholaítear leis an Danmhairg Oileáin Fharó ná an Ghraonlainn,

— folaítear leis an bhFrainc Monacó agus na ranna Francacha thar lear i nGuadalúip, i Martinique, i nGuáin na Fraince, La Réunion agus i Mayotte,

— folaítear leis an Iodáil San Mairíne agus Cathair na Vatacáine,

— folaítear leis an tSeapáin Okinawa,

— folaítear leis an bPortaingéil na hAsóir agus Maidéara,

— folaítear leis an Spáinn na hOileáin Chanáracha, na hOileáin Bhailéaracha, agus Ceuta agus Melilla,

— ní fholaítear leis an Eilvéis Lichtinstéin,

— folaítear leis na Stáit Aontaithe an 50 Stát, Ceantar Columbia, Oileáin Mheiriceánacha na Maighdean, Pórtó Ríce agus Guam.

2. **COMHIOMLÁIN**

Aicmeofar táirgeoirí leictreachais agus teasa de réir chríoch an táirgthe:

— phríobháideach nó phoiblí, a ghineann leictreachas agus/nó teas lena ndíol le tríú páirtithe mar phríomhghníomhaíocht dá gcuid,—is éard atá i **dtáirgeoirí príomhghníomhaíochta** táirgeoirí, faoi úinéireacht

— ghineann leictreachas agus/nó teas go hiomlán nó go páirteach dá n-úsáid féin mar ghníomhaíocht a thacaíonn lena bpríomhghníomhaíocht.— is éard atá in **uath-tháirgeoirí** táirgeoirí, faoi úinéireacht phríobháideach nó phoiblí, a

*Nóta*: féadfaidh an Coimisiún soiléiriú breise a thabhairt ar an téarmaíocht trí thagairtí ábhartha NACE ([1]) a chur leis an téarmaíocht i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú dá dtagraítear in Airteagal 11(2) tar éis d'athbhreithniú ar aicmiú NACE teacht i bhfeidhm.

2.1. **Soláthar**

2.1.1. TÁIRGEADH/TÁIRGEADH DÚCHASACH

Déantar cainníochtaí breoslaí a eastósctar nó a tháirgtear a ríomh tar éis aon oibríocht chun an támhábhar a bhaint. Folaítear leis an táirgeadh na cainníochtaí arna dtomhailt ag an táirgeoir le linn an phróisis táirgthe (e. g. chun trealamh agus trealamh cúnta a théamh nó a oibriú), mar aon le soláthairtí fuinnimh do tháirgeoirí eile le haghaidh claochlaithe nó le haghaidh úsáidí eile.

Ciallaíonn 'táirgeadh dúchasach' táirgeadh ó acmhainní laistigh de chríoch ar leith — críoch náisiúnta na tíre tuairiscithe.

2.1.2. TÁIRGÍ GNÓTHAITHE

Níl feidhm aige seo ach amháin maidir le gual crua. Sciodar agus scealla cairn dramhaíola arna ngnóthú ag mianaigh.

2.1.3. FÁLTAIS Ó FHOINSÍ EILE

Cainníochtaí breoslaí lena bhfolaítear a dtáirgeadh i dtuairisciú eile maidir le breosla ach a mheasctar le breoslaí eile agus a thomhlaítear mar mheascán. Déanfar sonraí breise maidir leis an gcomhpháirt sin a sholáthar leis na nithe seo a leanas:

— Fáltais ó fhoinsí eile: Gual

([1]) NACE Rev. 2 – Aicmiú Staidrimh Gníomhaíochtaí Eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach, Rev. 2 (2008)

— Fáltais ó fhoinsí eile: Táirgí ola agus táirgí peitriliam

— Fáltais ó fhoinsí eile: Gás nádúrtha

— Fáltais ó fhoinsí eile: Foinsí inathnuaite

2.1.4. ALLMHAIRÍ/ONNMHAIRÍ

Mura sonraítear a mhalairt, tagraíonn 'allmhairí' don tionscnamh faoi dheoidh (an tír inar táirgeadh an táirge fuinnimh) lena n-úsáid sa tír agus tagraíonn 'onnmhairí' don tír ina dtomhlaítear faoi dheoidh an táirge táirgthe fuinnimh. Measfar méideanna a bheith allmhairithe nó onnmhairithe nuair a thrasnóidh siad teorainneacha polaitiúla na tíre, cé acu a bheidh imréiteach custam déanta nó nach mbeidh.

I gcás nach féidir aon tionscnamh nó ceann scríbe a shonrú féadfar 'Neamhshonraithe/Eile' a úsáid.

2.1.5. UMAIR MHUIRÍ IDIRNÁISIÚNTA

Cainníochtaí breoslaí a sheachadtar chuig longa de gach bratach atá ag gabháil do loingseoireacht idirnáisiúnta. Féadfaidh an loingseoireacht idirnáisiúnta tarlú ar muir, ar lochanna agus ar uiscebhealaí intíre, agus in uiscí cósta. Cuirtear na nithe seo a leanas as an áireamh:

— deighilt intíre/idirnáisiúnta a chinneadh ar bhonn an chalafoirt imeachta agus anchalafoirt teachta seachas ar bhonn bhratach na loinge nó náisiúntacht na loinge; tomhaltas ag longa atá ag gabháil do loingseoireacht intíre; ba cheart go ndéanfaí an

— tomhaltas ag árthaí iascaireachta;

— tomhaltas ag fórsaí míleata.

2.1.6. EITLÍOCHT IDIRNÁISIÚNTA

Cainníochtaí breoslaí a sheachadtar chuig aerárthaí le haghaidh eitlíocht idirnáisiúnta. Ba cheart an deighilt intíre/idirnáisiúnta a chinneadh ar bhonn an tsuímh imeachta agus an tsuímh tuirlingthe seachas ar bhonn náisiúntacht na haerlíne. Ní fholaítear breoslaí arna n-úsáid ag aerlínte dá bhfeithiclí bóthair (atá le tuairisciú i 'Nach sonraítear in aon áit eile - Iompar') agus úsáid mhíleata breoslaí eitlíochta (atá le tuairisciú i 'Nach sonraítear in aon áit eile - Eile').

2.1.7. ATHRUITHE AR STOIC

An difríocht idir an leibhéal stoic tosaigh agus an leibhéal stoic deiridh le haghaidh stoc atá á gcoinneáil ar chríoch náisiúnta. Mura sonraítear a mhalairt, taispeántar tógáil stoc mar uimhir dhiúltach agus taispeántar tarraingt stoc mar uimhir dheimhneach.

2.1.8. STOIC IOMLÁNA TOSAIGH AGUS DEIRIDH AR CHRÍOCH NÁISIÚNTA

Gach stoc ar chríoch náisiúnta, lena bhfolaítear stoic atá á gcoinneáil ag rialtais, ag mórthomhaltóirí nó ag eagraíochtaí stocshealbhaíochta, stoic atá á gcoinneáil ar bord soithí farraige ag teacht isteach, stoic atá á gcoinneáil i limistéir faoi bhanna agus stoic atá á gcoinneáil le haghaidh daoine eile, bíodh sé faoi chomhaontú déthaobhach rialtais nó ná bíodh. Tagraíonn stoc 'tosaigh' agus stoc 'deiridh' don chéad lá agus don lá deiridh den tréimhse tuarascála, faoi seach. Folaítear le stoc na stoic a choinnítear i ngach cineál saoráidí stórála, ar an talamh nó faoin talamh.

2.1.9. ÚSÁID DHÍREACH

Ola (Táirgí amhola agus táirgí peitriliam) a úsáidtear go díreach gan iad a phróiseáil i scaglanna peitriliam. Folaítear amhola a dhóitear chun leictreachas a ghiniúint.

2.1.10. FÁLTAIS TÁIRGÍ PRÍOMHÚLA

Folaítear cainníochtaí amhola dúchasaí nó allmhairithe (lena bhfolaítear comhdhlúthán) agus LGN dúchasach ([2]) a úsáidtear go díreach gan iad a bheith próiseáilte i scaglann peitriliam, agus cainníochtaí cúlsreabha ón tionscal peitriceimiceach, ar cainníochtaí iad a úsáidtear go díreach cé nach breoslaí príomhúla iad.

2.1.11. OLL-ASCHUR SCAGLAINNE

Táirgí críochnaithe a tháirgeadh i scaglann nó i ngléasra cumaiscthe. Ní fholaítear caillteanais scaglainne ach folaítear breosla scaglainne.

([2]) Leachtanna gáis nádúrtha.

2.1.12. TÁIRGÍ ATHCHÚRSÁILTE

Táirgí críochnaithe a théann tríd an líonra margaíochta den dara huair, tar éis iad a bheith seachadta chuig na tomhaltóirí deiridh (e.g. bealaí úsáidte a athphróiseáiltear). Ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir na cainníochtaí seo agus na cúlsreabha peitriceimiceacha.

2.1.13. CÚLSREABHA

Táirgí críochnaithe nó táirgí leathchríochnaithe a aischuirfear ó thomhaltóirí deiridh chuig scaglanna lena bpróiseáil, lena gcumasc nó lena ndíol. Is fotháirgí de mhonarú peitriceimiceach iad de ghnáth.

2.1.14. AISTRITHE IDIR-THÁIRGÍ

Cainníochtaí a athaicmítear toisc gur athraigh a sonraíocht nó toisc go ndearnadh iad a chumasc ina dtáirge eile. Déanfar iontráil dhiúltach le haghaidh táirge amháin a chúiteamh le hiontráil dheimhneach (nó roinnt iontrálacha) le haghaidh táirge amháin nó roinnt táirgí agus *vice versa*; ba cheart an ghlanéifeacht iomlán a bheith cothrom le nialas.

2.1.15. TÁIRGÍ ARNA nAISTRIÚ

Táirgí peitriliam allmhairithe a athaicmítear mar bhunábhair lena bpróiseáil tuilleadh sa scaglann, agus nach ndéanfar a sheachadadh chuig tomhaltóirí deiridh.

2.1.16. DIFRÍOCHTAÍ STAIDRIMH

Luach ríofa, arna shainiú mar an difríocht idir an ríomh ó thaobh an tsoláthair de (cur chuige ón mbarr anuas) agus an ríomh ó thaobh an tomhaltais de (cur chuige ón mbun aníos). Ba cheart aon difríocht mhór staidrimh a mhíniú.

## 2.2. Earnáil an chlaochlaithe

In earnáil an chlaochlaithe, níor cheart ach na cainníochtaí breosla a claochlaíodh i gcineálacha eile breosla a thuairisciú. Cainníochtaí breosla a úsáidtear ina mbreosla téimh, chun trealamh a oibriú agus ina dtacú ginearálta le claochlú, ba cheart na cainníochtaí breosla sin a dhearbhú in earnáil an fhuinnimh.

2.2.1. LEICTREACHAS NA dTÁIRGEOIRÍ PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTA AMHÁIN

Cainníochtaí breosla á n-úsáid ag táirgeoirí príomhghníomhaíochta chun leictreachas a tháirgeadh in aonaid/gléasraí leictreachais amháin.

2.2.2. AONAID TEASA AGUS CUMHACHTA IN ÉINEACHT (CTÉ) NA dTÁIRGEOIRÍ PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTA

Cainníochtaí breosla á n-úsáid ag táirgeoirí príomhghníomhaíochta chun leictreachas agus/nó teas a tháirgeadh in aonaid CTÉ.

2.2.3. TEAS NA dTÁIRGEOIRÍ PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTA AMHÁIN

Cainníochtaí breosla á n-úsáid ag táirgeoirí príomhghníomhaíochta chun teas a tháirgeadh in aonaid/gléasraí teasa amháin.

2.2.4. LEICTREACHAS UATH-THÁIRGEOIRÍ AMHÁIN

Cainníochtaí breosla á n-úsáid ag uath-tháirgeoirí chun leictreachas a tháirgeadh in aonaid/gléasraí leictreachais amháin.

2.2.5. UATH-THÁIRGEOIRÍ - AONAID TEASA AGUS CUMHACHTA IN ÉINEACHT (CTÉ)

Gach cainníocht breosla á húsáid ag uath-tháirgeoirí chun leictreachas a tháirgeadh agus an chuid chomhréireach breoslaí a úsáidtear chun teas a tháirgeadh ar teas é a dhíoltar in aonaid CTÉ. Maidir leis an gcuid chomhréireach breoslaí a úsáidtear chun teas a tháirgeadh ar teas é nár díoladh (teas a thomhlaítear go huathoibríoch), tá sí le tuairisciú san earnáil chuí de thomhaltas deiridh fuinnimh bunaithe ar aicmiú NACE. Teas nach ndíoltar ach a sheachadtar chuig eintitis eile faoi chomhaontuithe neamhairgeadais nó chuig eintitis faoi úinéireacht dhifriúil, ba cheart an tuairisciú a dhéantar air a bhunú ar an bprionsabal céanna leis an teas a dhíoltar.

2.2.6. Teas Uath-tháirgeoirí AMHÁIN

An chuid chomhréireach breoslaí a úsáidtear chun an teas a tháirgeadh, teas a dhíolann na huath-tháirgeoirí in aonaid/gléasraí teasa amháin. Maidir leis an gcuid chomhréireach breoslaí a úsáidtear chun teas a tháirgeadh ar teas é nár díoladh (teas a thomhlaítear go huathoibríoch), tá sí le tuairisciú san earnáil chuí de thomhaltas deiridh fuinnimh bunaithe ar aicmiú NACE. Teas nach ndíoltar ach a sheachadtar chuig eintitis eile faoi chomhaontuithe neamhairgeadais nó chuig eintitis faoi úinéireacht dhifriúil, ba cheart an tuairisciú a dhéantar air a bhunú ar an bprionsabal céanna leis an teas a dhíoltar.

2.2.7. GLÉASRAÍ BREOSLA PAITINNE

Cainníochtaí breoslaí a úsáidtear i ngléasraí breosla paitinne chun breosla paitinne a tháirgeadh.

2.2.8. OIGHINN CHÓIC

Cainníochtaí breosla a úsáidtear in oighinn chóic chun cóc oighinn chóic agus gás oighinn chóic a tháirgeadh.

2.2.9. GLÉASRAÍ BKB/PB

Cainníochtaí breoslaí a úsáidtear chun brícíní guail doinn (BKB) a tháirgeadh i ngléasraí BKB agus cainníochtaí breoslaí a úsáidtear i ngléasraí bricíní móna chun brícíní móna (PB) a tháirgeadh.

2.2.10. Oibreacha Gáis

Cainníochtaí breoslaí a úsáidtear chun gás oibreacha gáis a tháirgeadh in oibreacha gáis agus i ngléasraí gásúcháin guail.

2.2.11. FOIRNÉIS SOINNEÁIN

Cainníochtaí breoslaí a théann isteach sa soitheach foirnéise soinneáin, cé acu tríd an mbarr in éineacht leis an amhiarann nó tríd na píopaí ag an mbun in éineacht leis an aer soinneáin téite.

2.2.12. LEACHTÚ GUAIL

Cainníochtaí breoslaí a úsáidtear chun ola shintéiseach a tháirgeadh.

2.2.13. GLÉASRAÍ GÁS GO LEACHT

Cainníochtaí breoslaí gásacha a tiontaíodh ina mbreoslaí leachtacha.

2.2.14. GLÉASRAÍ TÁIRGTHE FIOGHUAIL

Cainníochtaí bithbhreoslaí soladacha a tiontaíodh ina bhfioghual.

2.2.15. SCAGLANNA PEITRILIAM

Cainníochtaí breoslaí a úsáidtear chun táirgí peitriliam a tháirgeadh.

2.2.16. GLÉASRAÍ CUMAISCTHE GÁIS NÁDÚRTHA (LE HAGHAIDH GÁS NÁDÚRTHA CUMAISCTHE)

Cainníochtaí na ngás a chumasctar le gás nádúrtha isteach san eangach gháis (líonra gáis).

2.2.17. CHUN A CHUMASC LE GÁSAILÍN MÓTAIR/LE DÍOSAL/LE CEIRISÍN

Cainníochtaí bithbhreoslaí leachtacha a chumasctar lena macasamhlacha iontaise.

2.2.18. NACH BHFUIL SONRAITHE IN AON ÁIT EILE

Cainníochtaí breoslaí a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí claochlaithe nach bhfolaítear in áit eile. I gcás ina n-úsáidfear é sin, ba cheart an méid a fholaítear faoin gceannteideal seo a mhíniú sa tuarascáil.

2.3. **An Earnáil Fuinnimh**

Cainníochtaí arna dtomhailt ag an tionscal fuinnimh chun tacú le hoibríochtaí eastósctha (mianadóireacht, táirgeadh ola agus gáis) nó le hoibríochtaí gléasra a bhaineann le gníomhaíochtaí claochlaithe. Comhfhreagraíonn sé sin do NACE Rev. 2 Rannáin 05, 06, 19 agus 35, NACE Rev. 2 Grúpa 09.1 agus NACE Rev. 2 aicmí 07.21 agus 08.92.

Ní fholaíonn sé cainníochtaí breoslaí arna gclaochlú i bhfoirm eile fuinnimh (ba cheart iad sin a thuairisciú faoi earnáil an chlaochlaithe) nó cainníochtaí breoslaí a úsáidtear chun tacú le hoibriú píblínte ola, gáis agus sciodair guail (ba cheart iad sin a thuairisciú in earnáil an iompair).

Folaíonn sé monarú ábhar ceimiceach le haghaidh eamhnú adamhach agus le haghaidh comhleá adamhach agus táirgí na bpróiseas sin.

2.3.1. LEICTREACHAS, GLÉASRAÍ CTÉ AGUS TEASA DÁ n-ÚSÁID FÉIN

Cainníochtaí breoslaí arna dtomhailt mar fhuinneamh le haghaidh oibríochtaí tacaíochta ag gléasraí le haonad leictreachais amháin, le haonad teasa amháin agus le haonad CTÉ.

2.3.2. MIANAIGH GHUAIL

Cainníochtaí breoslaí arna dtomhailt mar fhuinneamh chun tacú le gual a eastóscadh agus a ullmhú laistigh de thionscal na gualmhianadóireachta. An gual arna dhó i stáisiúin ghiniúna bhéal an tsloic, ba cheart é a thuairisciú in earnáil an chlaochlaithe.

2.3.3. GLÉASRAÍ BREOSLA PAITINNE

Cainníochtaí breoslaí arna dtomhailt mar fhuinneamh le haghaidh oibríochtaí tacaíochta ag gléasraí breosla paitinne.

2.3.4. OIGHINN CHÓIC

Cainníochtaí breoslaí arna dtomhailt mar fhuinneamh le haghaidh oibríochtaí tacaíochta in oighinn chóic (gléasraí cóic).

2.3.5. GLÉASRAÍ BKB/PB

Cainníochtaí breoslaí a úsáidtear mar fhuinneamh le haghaidh oibríochtaí tacaíochta i ngléasraí BKP/PB (gléasraí bricíní).

2.3.6. OIBREACHA GÁIS/OIBREACHA GÁSÚCHÁIN

Cainníochtaí breoslaí arna dtomhailt mar fhuinneamh le haghaidh oibríochtaí tacaíochta ag oibreacha gáis agus gléasraí gásúcháin guail.

2.3.7. FOIRNÉISÍ SOINNEÁIN

Cainníochtaí breoslaí arna dtomhailt mar fhuinneamh le haghaidh oibríochtaí tacaíochta ag foirnéisí soinneáin.

2.3.8. LEACHTÚ GUAIL

Cainníochtaí breoslaí arna dtomhailt mar fhuinneamh le haghaidh oibríochtaí tacaíochta ag gléasraí leachtaithe guail.

2.3.9. LEACHTÚ (GNL)/ATHGHÁSÚCHÁN

Cainníochtaí breoslaí arna dtomhailt mar fhuinneamh le haghaidh oibríochtaí tacaíochta ag gléasraí leachtaithe gáis nádúrtha agus ag gléasraí athghásúcháin.

2.3.10. GLÉASRAÍ GÁSÚCHÁIN (BITHGHÁS)

Cainníochtaí breoslaí arna dtomhailt mar fhuinneamh le haghaidh oibríochtaí tacaíochta i ngléasraí gásúcháin bithgháis.

2.3.11. GLÉASRAÍ GÁS GO LEACHT (GTL)

Cainníochtaí breoslaí arna dtomhailt mar fhuinneamh le haghaidh oibríochtaí tacaíochta i ngléasraí tiontaithe gás go leacht.

2.3.12. GLÉASRAÍ TÁIRGTHE FIOGHUAIL

Cainníochtaí breoslaí arna dtomhailt mar fhuinneamh le haghaidh oibríochtaí tacaíochta i ngléasraí táirgthe fioghuail.

2.3.13. SCAGLANNA PEITRILIAM

Cainníochtaí breoslaí arna dtomhailt mar fhuinneamh le haghaidh oibríochtaí tacaíochta ag scaglanna peitriliam.

2.3.14. OLA AGUS GÁS A EASTÓSCADH

Cainníochtaí breoslaí arna dtomhailt i saoráidí eastósctha ola agus gáis nádúrtha. Ní fholaíonn sé caillteanais ó phíblíne (atá le tuairisciú mar chaillteanais dáilte) agus cainníochtaí fuinnimh arna n-úsáid chun píblínte a oibriú (atá le tuairisciú in earnáil an iompair).

2.3.15. NACH BHFUIL SONRAITHE IN AON ÁIT EILE - FUINNEAMH

Cainníochtaí breoslaí a bhaineann le gníomhaíochtaí fuinnimh nach bhfolaítear in áit eile. I gcás ina n-úsáidfear é sin, ba cheart an méid a fholaítear faoin gceannteideal seo a mhíniú sa tuarascáil.

2.4. **Caillteanais tarchuir agus caillteanais dáilte**

2.4.1. CAILLTEANAIS TARCHUIR

Cainníochtaí caillteanas breoslaí a tharlaíonn de bharr tarchuir, mar chuid den chóras arna oibriú ag an oibreoir córais tarchurtha. Folaíonn sé caillteanais theicniúla agus caillteanais neamh-theicniúla. Maidir le leictreachas, folaíonn sé caillteanais i gclaochladáin a measfar nach codanna dílse de ghléasraí cumhachta iad. Maidir le gás, folaíonn sé gnáthscaoileadh agus bladhmadh le linn tarchuir.

2.4.2. CAILLTEANAIS DÁILTE

Cainníochtaí caillteanas breoslaí a tharlaíonn de bharr tarchuir, mar chuid den chóras arna oibriú ag an oibreoir córais tarchuir. Folaíonn sé caillteanais theicniúla agus caillteanais neamh-theicniúla. Maidir le gás, folaíonn sé gnáthscaoileadh agus bladhmadh le linn traschuir.

2.5. **Tomhaltas neamhfhuinnimh deiridh**

Cainníochtaí breoslaí iontaise a úsáidtear chun críoch neamhfhuinnimh - nach ndéantar iad a dhó.

2.6. **Tomhaltas fuinnimh deiridh (sonraíochtaí úsáide deiridh)**

2.6.1. EARNÁIL AN TIONSCAIL

Tagraíonn sé seo do chainníochtaí breoslaí arna dtomhailt ag an ngnóthas tionscail chun tacú lena chuid príomhghníomhaíochtaí.

Maidir le haonaid teasa amháin nó le haonaid CTÉ, ní bheidh le tuairisciú ach na cainníochtaí breoslaí arna dtomhailt chun teas a tháirgeadh, ar teas é a úsáidfidh an gléasra féin (teas a thomhailt go huathoibríoch). Maidir le cainníochtaí breoslaí arna dtomhailt chun teas a tháirgeadh a bheidh le díol, agus chun leictreachas a tháirgeadh, ba cheart iad a thuairisciú faoi earnáil an chlaochlaithe iomchuí.

2.6.1.1. Mianadóireacht agus cairéalacht: NACE Rev. 2, Ranna 07 (seachas 07.21) agus 08 (seachas 08.92); NACE Rev. 2, Grúpa 09.9.

2.6.1.1.1. Mianadóireacht ar mhianraí miotail [NACE Rev. 2 Roinn 07); ní fholaíonn sé NACE Rev. 2 Aicme 07.21 Mianadóireacht ar mhianta úráiniam nó tóiriam]

2.6.1.1.2. Mianadóireacht agus cairéalacht eile [NACE Rev. 2 Roinn 08; ní fholaíonn sé NACE Rev. 2 Aicme 08.92 Móin a bhaint]

2.6.1.1.3. Seirbhísí tacaíochta gníomhaíochta mianadóireachta [NACE Rev. 2 Roinn 09; ní fholaíonn sé NACE Rev. 2, Grúpa 09.1 Gníomhaíochtaí tacaíochta le haghaidh eastósctha peitriliam agus gáis nádúrtha]

2.6.1.2. Bia, Deochanna agus Tobac: NACE Rev. 2, Ranna 10, 11 agus 12.

2.6.1.2.1. Monarú táirgí bia [NACE Rev. 2 Roinn 10]

2.6.1.2.2. Monarú deochanna [NACE Rev. 2 Roinn 11]

2.6.1.2.3. Monarú táirgí tabac [NACE Rev. 2 Roinn 12]

2.6.1.3. Teicstíl agus Leathar [NACE Rev. 2 Ranna 13, 14 agus 15; folaítear Monarú teicstílí, Monarú corpbhirt agus Monarú táirgí leathair agus táirgí gaolmhara]

2.6.1.4. Adhmad agus táirgí adhmaid — Monarú adhmaid agus táirgí adhmaid agus coirc, seachas troscán; Monarú earraí tuí agus ábhair thrilseacha [NACE Rev. 2 Roinn 16]

2.6.1.5. Laíon, páipéar agus clódóireacht: NACE Rev. 2, Ranna 17 agus 18.

2.6.1.5.1. Monarú táirgí páipéir agus táirgí páipéir [NACE Rev. 2 Roinn 17]

2.6.1.5.1.1. Monarú laín [NACE Rev. 2 Aicme 17.11]

2.6.1.5.1.2. Páipéar eile agus táirgí páipéir [NACE Rev. 2, Aicme 17.12. agus NACE Rev. 2, Grúpa 17.2]

2.6.1.5.2. Priontáil agus atáirgeadh na meán taifeadta [NACE Rev. 2 Roinn 18]

2.6.1.6. An tionscal ceimiceach agus peitriceimiceach: NACE Rev. 2, Rannáin 20 agus 21.

2.6.1.6.1. Monarú ceimiceán agus táirgí ceimiceacha [NACE Rev. 2 Roinn 20]

2.6.1.6.2. Monarú buntáirgí cógaisíochta agus ullmhóidí cógaisíochta [NACE Rev. 2 Roinn 21]

2.6.1.7. Mianracha neamh-mhiotalacha [NACE Rev. 2 Roinn 23]

2.6.1.7.1. Monarú gloine agus táirgí gloine [NACE Rev. 2 Grúpa 23.1]

2.6.1.7.2. Monarú stroighne, aoil agus plástair (lena bhfolaítear Clincear) [NACE Rev. 2, Grúpa 23.5]

2.6.1.7.3. Táirgí mianracha neamh-mhiotalacha eile [NACE Rev. 2, Grúpaí 23.2, 23.3, 23.4, 23.6, 23.7 agus 23.9]

2.6.1.8. Iarann agus cruach [Monarú miotal bunúsach A: NACE Rev. 2, Grúpaí 24.1, 24.2 agus 24.3 agus Aicmí 24.51 agus 24.52]

2.6.1.9. Tionscal miotal neamhfheiriúil [Monarú miotal bunúsach B: NACE Rev. 2, Grúpa 24.4 agus Aicmí 24.53 agus 24.54]

2.6.1.9.1. Táirgeadh alúmanaim [NACE Rev. 2 Aicme 24.42]

2.6.1.9.2. Tionscal miotal neamhfheiriúil eile [NACE Rev. 2, Grúpa 24.4 — seachas. NACE Rev. 2 Aicme 24.42; NACE Rev. 2, Aicmí 24.53 agus 24.54]

2.6.1.10. Innealra: NACE Rev. 2, Ranna 25, 26, 27 agus 28.

2.6.1.10.1. Monarú táirgí déanta as miotal, ach amháin innealra agus trealamh [NACE Rev. 2 Roinn 25]

2.6.1.10.2. Monarú ceimiceán agus táirgí ceimiceacha [NACE Rev. 2 Roinn 26]

2.6.1.10.3. Monarú trealamh leictreonach [NACE Rev. 2 Roinn 27]

2.6.1.10.4. Monarú innealra agus trealaimh nach n-aicmítear in aon áit eile [NACE Rev. 2 Roinn 28]

2.6.1.11. Trealamh iompair: Tionscail a bhaineann leis an trealamh a úsáidtear le haghaidh iompair [NACE Ranna 29 agus 30; folaíonn sé Monarú mótarfheithiclí, leantóirí agus leathleantóirí agus Monarú trealamh iompair eile]

2.6.1.12. Nach bhfuil sonraithe in aon áit eile - Tionscal: NACE Rannáin 22, 31 agus 32

2.6.1.12.1. Monarú táirgí rubair agus plaisteacha [NACE Roinn 22]

2.6.1.12.2. Monarú troscán [NACE Rev. 2 Roinn 31]

2.6.1.12.3. Monarú eile [NACE Rev. 2 Roinn 32]

2.6.1.13. Tógáil [NACE Rev. 2, Ranna 41, 42 agus 43]

2.6.2. EARNÁIL AN IOMPAIR

Fuinneamh a úsáidtear i ngach gníomhaíocht iompair gan beann ar earnáil NACE (an earnáil gheilleagair) ina dtarlaíonn an ghníomhaíocht. Breoslaí a úsáidtear le haghaidh téamh agus soilsiú ag stáisiúin iarnróid, stáisiúin bus, céanna loingseoireachta agus aerfoirt, ba cheart iad a thuairisciú faoi 'Sheirbhísí Tráchtála agus Poiblí' agus ní in earnáil an iompair.

2.6.2.1. Iarnród

Cainníochtaí breoslaí a úsáidtear ag trácht iarnróid, lena bhfolaítear iarnróid thionsclaíocha agus iompar iarnróid ina chuid de chórais iompair uirbigh agus fo-uirbigh (cuir i gcás traenacha, tramanna, an meitreo).

2.6.2.1.1. Iarnród ardluais

Fuinneamh á úsáid ag traenacha a bhíonn á gcur ag rith ar línte ar a bhféadfar luas de bhreis ar 200 ciliméadar in aghaidh na huaire a bhaint amach.

2.6.2.1.2. Gnáthchóras iarnróid

Fuinneamh á úsáid ag trácht iarnróid, seachas iarnróid ardluais agus an meitreo agus an tram.

2.6.2.1.2.1. Iompar paisinéirí de ghnáthchóras iarnróid

Fuinneamh á úsáid ag iarnróid chun paisinéirí a iompar, arb é atá i gceist leis gluaiseacht paisinéirí agus úsáid á baint as feithiclí iarnróid idir an t-ionad bordála agus an t-ionad díbhordála seachas baill d'fhoireann na traenach, a dhéanann turas d'iarnród.

2.6.2.1.2.2. Iompar lastais de ghnáthchóras iarnróid

Fuinneamh á úsáid ag iarnród le haghaidh earraí a iompar, rud a chiallaíonn aistriú earraí agus úsáid á baint as feithiclí iarnróid idir an t-ionad luchtaithe agus an t-ionad díluchtaithe.

2.6.2.1.3. An meitreo agus an tram

Fuinneamh á úsáid ag an meitreo, ag an tram, ag iarnród éadrom agus ag córais eile iarnród uirbeach ardaithe nó iarnród uirbeach faoi thalamh.

2.6.2.2. Loingseoireacht intíre

Cainníochtaí breoslaí arna seachadadh chuig longa de gach bratach nach bhfuil ag gabháil do loingseoireacht idirnáisiúnta (féach umair mhuirí idirnáisiúnta). Ba cheart go ndéanfaí an deighilt intíre/idirnáisiúnta a chinneadh ar bhonn an chalafoirt imeachta agus an chalafoirt teachta seachas ar bhonn bhratach nó náisiúntacht na loinge.

2.6.2.3. Bóthar

Cainníochtaí breoslaí á n-úsáid i bhfeithiclí bóthair. Folaíonn sé breosla á úsáid ag feithiclí talmhaíochta ar mhórbhealaí agus bealaí lena n-úsáid i bhfeithiclí bóthair.

Ní fholaíonn sé fuinneamh á úsáid in innill dho-aistrithe (féach 'Earnáil eile'), le haghaidh úsáide neamh-mhórbhealaí i dtarracóirí (féach 'Talmhaíocht'), úsáide míleata i bhfeithiclí bóthair (féach 'Earnáil eile – Nach bhfuil sonraithe in aon áit eile'), biotúman a úsáidtear i bhforéadanú bóthair agus fuinneamh a úsáidtear in innill ar láithreáin fhoirgníochta (féach 'Tionscail' fo-earnáil 'Tógáil').

2.6.2.3.1. Feithiclí tromshaothair lena n-iompraítear lastas

Cainníochtaí breosla a úsáidtear i dtrucailí 3,5 tona toilleadh ualaigh na feithicle a mbíonn lasta á iompar acu (feithiclí i gcatagóirí N2 agus N3 de réir aicmiú na hEorpa le haghaidh catagóir feithicle, bunaithe ar chaighdeáin UNECE).

2.6.2.3.2. Iompar comhchoiteann

Cainníochtaí breosla a úsáidtear i bhfeithiclí móra, a mbíonn paisinéirí á n-iompar acu, amhail busanna, cóistí, veaineanna móra, etc. (feithiclí de chatagóirí M2 agus M3 de réir aicmiú na hEorpa le haghaidh catagóir feithicle, bunaithe ar chaighdeáin UNECE).

2.6.2.3.3. Gluaisteáin agus veaineanna

Cainníochtaí breosla a úsáidtear i bhfeithiclí beaga, amhail carranna agus veaineanna, a mbíonn paisinéirí nó lasta á n-iompar acu (feithiclí i gcatagóirí N1 agus M1 de réir aicmiú na hEorpa le haghaidh catagóir feithicle, bunaithe ar chaighdeáin UNECE).

2.6.2.3.4. Iompar eile de bhóthar:

Cainníochtaí breosla a úsáidtear i ngach foirm iompar bóthair seachas feithiclí tromshaothair a mbíonn lasta á iompar acu, iompar comhchoitinn agus carranna agus veaineanna.

2.6.2.4. Iompar de phíblíne

Cainníochtaí breoslaí arna n-úsáid mar fhuinneamh chun tacú le píblínte a oibriú, píblínte a mbíonn gás, leachtanna, sciodar agus tráchtearraí eile á n-iompar acu. Folaíonn sé fuinneamh a úsáidtear le haghaidh stáisiún caidéil agus chun píblínte a chothabháil. Ní fholaíonn sé fuinneamh a úsáidtear chun gás nádúrtha nó gás monaraithe, uisce te nó gal a dháileadh trí phíblínte ón dáileoir chuig úsáideoirí deiridh (atá le tuairisciú in earnáil an fhuinnimh), fuinneamh a úsáidtear maidir le dáileadh deiridh uisce chuig úsáideoirí tí, úsáideoirí tionscail, úsáideoirí tráchtála agus úsáideoirí eile (atá le folú san earnáil Tráchtála/poiblí) agus caillteanais a tharlaíonn le linn an iompair idir an dáileoir chuig úsáideoirí deiridh (atá le tuairisciú mar chaillteanais dáilte).

2.6.2.5. Eitlíocht intíre

Cainníochtaí breoslaí a sheachadtar chuig aerárthaí le haghaidh eitlíocht intíre. Folaíonn sé breosla a úsáidtear le haghaidh críoch eile seachas eitilt, e.g. tagarthástáil na n-inneall. Ba cheart an deighilt intíre/idirnáisiúnta a chinneadh ar bhonn an tsuímh imeachta agus an tsuímh tuirlingthe seachas ar bhonn náisiúntacht na haerlíne. Folaítear leis sin fad suntasach na dturas idir dhá aerfort i dtír a bhfuil críoch thar lear aici. Ní fholaítear breoslaí arna n-úsáid ag aerlínte dá bhfeithiclí bóthair (atá le tuairisciú i 'Nach sonraítear in aon áit eile - Iompar') agus úsáid mhíleata breoslaí eitlíochta (atá le tuairisciú i 'Nach sonraítear in aon áit eile - Eile').

2.6.2.6. Nach bhfuil Sonraithe in aon áit eile - Iompar

Cainníochtaí a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí iompair agus nach bhfolaítear in áit eile. Folaíonn sé breoslaí arna n-úsáid ag aerlínte dá bhfeithiclí bóthair agus breoslaí arna n-úsáid sna calafoirt le haghaidh dílódairí long, cineálacha éagsúla craenacha. I gcás ina n-úsáidfear é sin, ba cheart an méid a fholaítear faoin gceannteideal seo a mhíniú sa tuarascáil.

2.6.3. EARNÁLACHA EILE

Folaítear sa chatagóir seo cainníochtaí breoslaí a úsáidtear in earnálacha nach bhfuil luaite go sonrach nó nach mbaineann le fuinneamh, le tionscal nó le hiompar.

2.6.3.1. Seirbhísí tráchtála agus poiblí

Cainníochtaí breoslaí arna dtomhailt ag gnóthaí agus ag oifigí sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha. NACE Rev. 2 Ranna 33, 36, 37, 38, 39, 45, 46, 47, 52, 53, 55, 56, 58, 59, 60, 61, 62, 63, 64, 65, 66, 68, 69, 70, 71, 72, 73, 74, 75, 77, 78, 79, 80, 81, 82, 84 (seachas Aicme 84.22), 85, 86, 87, 88, 90, 91, 92, 93, 94, 95, 96 agus 99. Breoslaí a úsáidtear le haghaidh téamh agus soilsiú ag stáisiúin iarnróid, ag stáisiúin bus, ag céanna loingseoireachta agus ag aerfoirt, ba cheart iad a thuairisciú sa chatagóir seo. Folaíonn sé seo breoslaí a úsáidtear le haghaidh gach gníomhaíocht neamh-iompair de NACE Rev. 2 Ranna 49, 50 agus 51.

2.6.3.1.1. Deisiú agus suiteáil innealra agus trealamh [NACE Rev. 2, Cuid C Ranna 33]

2.6.3.1.2. Soláthar uisce; séarachas, gníomhaíochtaí bainistithe agus leasúcháin dramhaíola [NACE Rev. 2, Rannóg E]

2.6.3.1.3. Trádáil mhórdhíola agus trádáil mhiondíola; Deisiú mótarfheithiclí agus gluaisrothar [NACE Rev. 2, Rannóg G]

2.6.3.1.3.1. Trádáil mhórdhíola [NACE Rev. 2, Rannóg G, Roinn 46]

2.6.3.1.3.2. Trádáil mhiondíola [NACE Rev. 2, Rannóg G, Roinn 47]

2.6.3.1.4. Ollstóráil agus gníomhaíochtaí tacaíochta le haghaidh iompair [NACE Rev. 2, Rannóg H, Roinn 52]

2.6.3.1.5. Gníomhaíochtaí poist agus cúiréarachta [NACE Rev. 2, Rannóg H, Roinn 53]

2.6.3.1.6. Gníomhaíochtaí seirbhísí cóiríochta agus bia [NACE Rev. 2, Rannóg I]

2.6.3.1.6.1. Cóiríocht [NACE Rev. 2, Rannóg I, Roinn 55]

2.6.3.1.6.2. Gníomhaíochtaí seirbhísí bia [NACE Rev. 2, Rannóg I, Roinn 56]

2.6.3.1.7. Faisnéis agus cumarsáid [NACE Rev. 2, Rannóg J]

2.6.3.1.8. Gníomhaíochtaí airgeadais agus árachais agus gníomhaíochtaí Réadmhaoine [NACE Rev. 2, Rannóg K agus NACE Rev. 2, Rannóg L]

2.6.3.1.9. Gníomhaíochtaí riaracháin agus gníomhaíochtaí seirbhísí tacaíochta [NACE Rev. 2 Rannóg N]

2.6.3.1.10. Riarachán poiblí agus cosaint; slándáil shóisialta éigeantach [NACE Rev. 2, Rannóg O]

2.6.3.1.11. Oideachas [NACE Rev. 2, Rannóg P]

2.6.3.1.12. Gníomhaíochtaí i dtaca le sláinte an duine agus gníomhaíochtaí oibre sóisialta [NACE Rev. 2, Rannóg Q]

2.6.3.1.12.1. Gníomhaíochtaí ospidéil [NACE Rev. 2, Rannóg Q, Grúpa 86.1]

2.6.3.1.13. Na healaíona, siamsaíocht agus áineas [NACE Rev. 2, Rannóg R]

2.6.3.1.13.1. Gníomhaíochtaí spórt [NACE Rev. 2, Rannóg R, Roinn 93]

2.6.3.1.14. Gníomhaíochtaí eagraíochtaí agus comhlachtaí seach-chríochacha [NACE Rev. 2, Rannóg U]

2.6.3.1.15. Seirbhísí gairmiúla, eolaíocha agus teicniúla agus Seirbhísí eile [NACE Rev. 2, Rannóg M agus NACE Rev. 2, Rannóg S]

2.6.3.1.16. Lárionaid sonraí. Sainmhínítear lárionad sonraí mar struchtúr nó grúpa de struchtúir a úsáidtear chun áit a chur ar fáil do chórais ríomhaireachta/do fhreastalaithe ríomhaireachta, chun iad a nascadh agus chun iad a oibriú, chomh maith leis an trealamh gaolmhar le haghaidh sonraí a stóráil, a phróiseáil agus/nó a dháileadh, mar aon le gníomhaíochtaí gaolmhara.

2.6.3.2. Teaghlaigh

Cainníochtaí breoslaí arna dtomhailt ag gach teaghlach lena bhfolaítear 'teaghlaigh ina bhfuil daoine fostaithe'. NACE Rev. 2, Ranna 97 agus 98.

Beidh feidhm ag na sainmhínithe sonracha seo a leanas maidir le hearnáil na dteaghlach:

Is ionann teaghlach agus duine a chónaíonn ina aonar, **teaghlach**, nó grúpa daoine atá ina gcónaí le chéile sa teaghais phríobháideach chéanna agus a chomhroinneann fóntais agus costais mhaireachtála riachtanacha eile. Dá bhrí sin, is comhthiomsú comhchoiteann de gach teaghlach i dtír í earnáil na dteaghlach, ar a dtugtar an earnáil chónaithe nó an earnáil intíre freisin.

Ba cheart áiteanna cónaithe comhchoiteanna, bídís buan (e.g. príosúin) nó sealadach (e.g. ospidéil), a eisiamh toisc go bhfolaítear iad faoi thomhaltas in earnáil na seirbhíse. Fuinneamh a úsáidtear i ngníomhaíochtaí iompair, ba cheart é a thuairisciú in earnáil an iompair agus ní in earnáil na dteaghlach.

Maidir le tomhaltas fuinnimh a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha suntasacha a dhéanann teaghlaigh, ba cheart é a eisiamh freisin ó thomhaltas iomlán fuinnimh na dteaghlach. Folaítear le gníomhaíochtaí den sórt sin gníomhaíochtaí eacnamaíocha talmhaíochta ar fheirmeacha beaga agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha eile a dhéantar in áit chónaithe teaghlaigh agus ba cheart iad a thuairisciú in earnáil iomchuí an tomhaltais chríochnaithigh.

2.6.3.2.1. Téamh spáis

Tagraíonn an tseirbhís fuinnimh seo d'úsáid fuinnimh chun teas a sholáthar in áit taobh istigh de theaghais.

2.6.3.2.2. Fuarú spáis

Tagraíonn an tseirbhís fuinnimh seo d'úsáid fuinnimh chun críocha fuaraithe i dteaghais, trí chóras cuisnithe agus/nó trí aonad cuisnithe.

Ní fholaítear sa chuid seo gaothráin, séidirí agus fearais eile nach bhfuil ceangailte le haonad cuisnithe, ach ba cheart iad a fholú sa roinn 'Soilsiú and fearais leictreacha'.

2.6.3.2.3. Téamh uisce

Tagraíonn an tseirbhís fuinnimh seo d'úsáid fuinnimh chun uisce a théamh le haghaidh uisce reatha te, chun folcadán a thógáil, le haghaidh glantacháin agus feidhmeanna eile neamhchócaireachta.

Ní fholaítear ann téamh linnte snámha, ach ba cheart é sin a fholú sa roinn 'Úsáidí eile deiridh'.

2.6.3.2.4. Cócaireacht

Tagraíonn an tseirbhís fuinnimh seo d'úsáid fuinnimh chun béilí a ullmhú.

Ní fholaítear ann fearais chócaireachta cúnta (oighinn mhicreathonnacha, citil, déantóirí caife, etc.) agus ba cheart iad sin a fholú sa roinn 'Soilsiú agus fearais leictreacha'.

2.6.3.2.5. Soilsiú agus fearais leictreacha (leictreachas amháin):

Leictreachas a úsáid le haghaidh soilsiú agus aon fhearas leictreach eile i dteaghais nach meastar a bheith laistigh d'úsáidí deiridh eile.

2.6.3.2.6. Úsáidí deiridh eile

Aon tomhaltas fuinnimh eile i dteaghlaigh, amhail fuinneamh a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí amuigh faoin aer agus aon ghníomhaíocht eile nach n-áirítear sna cúig úsáid fuinnimh a luaitear thuas (e.g. lomairí faiche, téamh linnte snámha, téitheoirí amuigh faoin aer, beárbaiciúnna amuigh faoin aer, tithe an allais etc.).

2.6.3.3. Talmhaíocht

Cainníochtaí breoslaí arna dtomhailt ag úsáideoirí arna n-aicmiú mar tháirgeadh barr agus táirgeadh ainmhithe, mar shealgaireacht agus mar ghníomhaíochtaí seirbhíse gaolmhara; NACE Rev. 2, Roinn 01.

2.6.3.4. Foraoiseacht

Cainníochtaí breoslaí arna dtomhailt ag úsáideoirí arna n-aicmiú mar fhoraoiseacht agus lománaíocht; NACE Rev. 2 Roinn 02.

2.6.3.5. Iascaireacht

Cainníochtaí breoslaí a sheachadtar le haghaidh iascaireacht intíre, iascaireacht chósta agus iascaireacht dhomhainfharraige. Ba cheart a fholú leis an iascaireacht breoslaí a sheachadtar chuig longa de gach bratach a athlíonann le breosla sa tír (lena bhfolaítear iascaireacht idirnáisiúnta) agus an fuinneamh a úsáidtear in earnáil na hiascaireachta. NACE Rev. 2 Roinn 03.

2.6.3.6. Nach bhfuil sonraithe in aon áit eile - Eile

Cainníochtaí breoslaí a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí nach n-áirítear in aon áit eile (amhail NACE Rev. 2, Aicme 84.22). Folaítear sa chatagóir seo úsáid mhíleata breoslaí le haghaidh tomhaltas soghluaiste agus doghluaiste (e.g. longa, aerárthaí, bóthar agus fuinneamh a úsáidtear in áit chónaitheach), is cuma cé acu a dhéanfar an breosla a sheachadadh d'arm na tíre sin nó d'arm tíre eile. I gcás ina n-úsáidfear é sin, ba cheart an méid a fholaítear faoin gceannteideal seo a mhíniú sa tuarascáil.

3. **TÁIRGÍ**

3.1. **GUAL (breoslaí iontaise soladacha agus gáis mhonaraithe)**

3.1.1. GUAL CRUA

Is éard atá i ngual crua comhiomlán táirge atá cothrom le suim antraicíte, guail chóic agus guail bhiotúmanaigh eile.

3.1.2. ANTRAICÍT

Gual ardghráid a úsáidtear le haghaidh feidhmeanna tionsclaíocha agus feidhmeanna tís. Go hiondúil bíonn níos lú ná 10 % ábhar soghalaithe agus cion ard de charbón (thart ar 90 % carbón fosaithe) ann. Is mó ná 24 000 kJ/kg a oll-luach calrach ar bhonn atá saor ó luaith ach atá tais.

3.1.3. GUAL CÓIC

Gual biotúmanach ag a bhfuil cáilíocht a éascaíonn táirgeadh cóic (cóc oighinn chóic) atá oiriúnach chun lánán foirnéise soinneáin a sheasamh. Is mó ná 24 000 kJ/kg a oll-luach calrach ar bhonn atá saor ó luaith ach atá tais.

3.1.4. GUAL BIOTÚMANACH EILE

Gual a úsáidtear chun gal a ardú agus lena bhfolaítear gach gual biotúmanach nach bhfolaítear faoi ghual cóic ná faoi antraicít. Saintréith de is ea ábhar soghalaithe níos airde ná antraicít (níos mó ná 10 %) agus cion de charbón níos ísle (níos lú ná 90 % carbón fosaithe). Is mó ná 24 000 kJ/kg a oll-luach calrach ar bhonn atá saor ó luaith ach atá tais.

3.1.5. GUAL DONN

Is éard atá sa ghual donn comhiomlán táirge atá cothrom le suim an ghuail fho-bhiotúmanaigh agus na ligníte.

3.1.6. GUAL FO-BHIOTÚMANACH

Tagraíonn sé do ghual neamh-chomhdhlúthaithe ag a bhfuil luach calrach comhlán idir 20 000 kJ/kg agus 24 000 kJ/kg ina bhfuil níos mó ná 31 % ábhar soghalaithe ar bhonn atá saor ó ábhar mianrach tirim.

3.1.7. LIGNÍT

Gual neamh-chomhdhlúthaithe ag a bhfuil luach calrach comhlán níos lú ná 20 000 kJ/kg agus níos mó ná 31 % ábhar soghalaithe ar bhonn atá saor ó ábhar mianrach tirim.

3.1.8. BREOSLA PAITINNE

Breosla comhdhéanta a mhonaraítear as mínbhrus guail chrua trí oibreán nasctha a chur leis. Dá bhrí sin, féadfaidh méid an bhreosla paitinne a tháirgtear a bheith beagán níos airde ná an méid iarbhír guail a thomhlaítear sa phróiseas claochlaithe.

3.1.9. CÓC OIGHINN CHÓIC

An táirge soladach a fhaightear ó charbónú guail, go príomha gual cóic, ag teocht ard; tá sé íseal in ábhar taise agus in ábhar so-ghalaithe. Úsáidtear cóc oighinn chóic go príomha sa tionscal iarainn agus cruach, ag gníomhú dó mar fhoinse fuinnimh agus mar oibreán ceimiceach.

Tá bríos cóic agus cóc teilgcheárta le tuairisciú sa chatagóir seo.

Ba cheart breac-chóc (táirge soladach a fhaightear ó charbónú guail ag teocht íseal) a fholú sa chatagóir seo. Úsáidtear breac-chóc mar bhreosla téimh nó úsáideann an gléasra claochlaithe féin é.

Folaíonn an ceannteideal seo cóc, bríos cóic agus breac-chóc a dhéantar as lignít.

3.1.10. GÁS-CHÓC

Fotháirge guail chrua a úsáidtear chun gás baile a tháirgeadh in oibreacha gáis. Úsáidtear cóc gáis chun críocha téimh.

3.1.11 TARRA GUAIL

Toradh ar dhriogadh deighilteach guail bhiotúmanaigh. Maidir le tarra guail is fotháirge leachtach é as driogadh guail chun cóc a dhéanamh i bpróiseas an oighinn chóic nó déantar é as gual donn ('tarra ísealteochta').

3.1.12. BKB (BRÍCÍNÍ GUAIL DHOINN)

Is éard atá in BKB breosla comhdhéanta a mhonaraítear as lignít nó as gual fobhiotúmanach, a tháirgtear trí fháisceadh faoi ardbhrú gan oibreán ceangailteach a chur leis, lena bhfolaítear fíneálacha ligníte triomaithe agus deannach.

3.1.13. GÁIS MHONARAITHE

Is éard i ngáis mhonaraithe comhiomlán táirge atá cothrom le suim an gháis oibreacha gáis, an gháis oighinn chóic, an gháis foirnéise soinneáin agus na ngás gnóthaithe eile.

3.1.14. GÁS OIBREACHA GÁIS

Folaíonn sé gach cineál gáis a tháirgtear i ngléasraí fóntais phoiblí nó príobháideacha, arb é is cuspóir dóibh gás a mhonarú, a iompar agus a dháileadh. Folaíonn sé gás a tháirgtear trí charbónú (lena bhfolaítear gás arna tháirgeadh trí oighinn chóic agus a aistrítear chuig gás oibreacha gáis), trí ghásúchán iomlán le táirgí ola nó gan é (GPL, ola bhreosla iarmharach, etc.), agus trí gháis agus/nó aer a athchóiriú agus a mheascadh go simplí, lena bhfolaítear cumasc le gás nádúrtha a dháilfear agus a thomhlófar tríd an eangach gáis nádúrtha. Ba cheart méid an gháis a eascraíonn ó aistriú gás guail eile go gás oibreacha gáis a thuairisciú mar tháirgeadh an gháis oibreacha gáis.

3.1.15. GÁS OIGHINN CHÓIC

Is éard is gás oighinn chóic ann gás a fhaightear mar fhotháirge ó mhonarú cóic oighinn chóic chun iarann agus cruach a tháirgeadh.

3.1.16. GÁS FOIRNÉISE SOINNEÁIN

Déantar gás foirnéise soinneáin a tháirgeadh le linn cóc a dhó i bhfoirnéis soinneáin sa tionscal iarainn agus cruach. Déantar é a ghnóthú agus é a úsáid mar bhreosla laistigh den ghléasra go páirteach agus i bpróisis eile thionscal na cruach go páirteach nó i stáisiúin ghiniúna atá trealmhaithe chun é a dhó.

3.1.17. GÁIS GHNÓTHAITHE EILE

Fotháirge den táirgeadh cruach i bhfoirnéis ocsaigine, agus a gnóthaíodh ar fhágáil na foirnéise dó. Tugtar gás tiontaire, gás LD nó gás BOS air chomh maith. Ba cheart cainníocht an bhreosla a fhaightear ar ais a thuairisciú ar bhonn oll-luacha chalraigh. Folaíonn sé freisin gáis mhonaraithe neamhshonraithe nach luaitear thuas, amhail gáis indóite de thionscnamh carbónúil soladach a gnóthaíodh ó phróisis mhonaraíochta agus cheimiceacha nach sainmhínítear in aon áit eile.

3.1.18. MÓIN

Fosú iontaise dríodrach atá indóite, bog, póiriúil nó comhbhrúite, de bhunadh plandaí agus ag a bhfuil cion uisce ard (suas go 90 % i staid amh), a ghearrtar go héasca, agus atá ar dhath donn éadrom nó dúdhonn. Folaíonn móin móin fód agus móin mheilte. Ní fholaíonn sé móin a úsáidtear chun críocha neamhfhuinnimh.

3.1.19. Táirgí Móna

Táirgí amhail brícíní móna a fhaightear go díreach nó go hindíreach ó mhóin fód agus ó mhóin mheilte.

3.1.20. Scealla ola agus gainimh ola

Is carraig dhríodar atá i scealla ola agus gaineamh ola a bhfuil ábhar orgánach i bhfoirm ceirigin inti. Is ábhar ar mhórán hiodracarbóin céarach é ceirigin a mheastar a bheith ina réamhtheachtaí de pheitriliam. Féadfar scealla ola a dhó go díreach nó a phróiseáil trína théamh chun ola scealla a úscadh. Ba cheart ola scealla agus táirgí eile a bhaintear as leachtú a thuairisciú mar hidreacarbón eile laistigh de tháirgí peitriliam.

## 3.2. GÁS NÁDÚRTHA

3.2.1. GÁS NÁDÚRTHA

Is éard atá i ngás nádúrtha gáis a tharlaíonn i bhfosuithe faoi thalamh, iad leachtaithe nó gásach, arb é atá iontu go príomha meatán, neamhspleách ar an modh eastósctha (gnásúil agus neamhghnásúil). Áirítear gás 'neamhghaolmhar' a thagann as ceantair a tháirgeann hidreacarbóin i bhfoirm ghásach amháin, agus gás 'gaolmhar' a tháirgtear in éineacht le hamhola mar aon le meatán a gnóthaíodh ó mhianaigh ghuail (gás gualchan) nó ó shíoga guail (gás síge guail). Ní áirítear bithghás ná gáis mhonaraithe i ngás nádúrtha. Déanfar aistrithe na dtáirgí sin chuig an líonra gáis nádúrtha a thuairisciú ar leithligh ó ghás nádúrtha. Áirítear le gás nádúrtha gás nádúrtha leachtaithe (GNL) agus gás nádúrtha comhbhrúite (GNC).

## 3.3. LEICTREACHAS AGUS TEAS

3.3.1. LEICTREACHAS

Le leictreachas tagraítear d'aistriú fuinnimh tríd an bhfeiniméan fisiceach lena mbaineann lánáin leictreacha agus a n-éifeachtaí nuair a bhíonn siad ar fos agus ag gluaiseacht. Ní mór tuairisciú a dhéanamh ar an leictreachas go léir a úsáidtear, a tháirgtear agus a thomhlaítear, lena bhfolaítear leictreachas eiseangach agus féintomhalta. Is ó shuiteálacha atá dínasctha ón eangach ó thaobh an táirgthe de a tháirgtear leictreachas eiseangach; ní féidir leis an tsuiteáil leictreachas a tháirgthe a instealladh san eangach. Is éard atá i leictreachas féintomhalta leictreachas arna thomhailt ag an táirgeoir sula ndéantar é a instealladh san eangach.

3.3.2. TEAS (TEAS DÍORTHAITHE)

Tagraíonn teas don fhuinneamh a fhaightear ó ghluaisne aistritheach, rothlach agus chreathach chomhábhair an ábhair mar aon le hathruithe ar a staid fhisiceach. An teas go léir a tháirgtear, seachas teas arna tháirgeadh ag uath-tháirgeoirí chun a n-úsáide féin agus nach ndíoltar, tá sé le tuairisciú; tuairiscítear gach cineál eile teasa mar úsáid táirgí as ar táirgeadh an teas.

## 3.4. OLA (Amhola agus táirgí peitriliam)

3.4.1. AMHOLA

Is ola mhianrach í amhola de thionscnamh nádúrtha ina bhfuil meascán de hidreacarbóin agus d'eisíonachtaí léi, ar nós sulfair. Bíonn sí ann i staid leachtach faoi ghnáth-theocht agus faoi ghnáth-bhrú dromchla agus bíonn a saintréithe fisiciúla (dlús, slaodacht, etc.) fíor-athraitheach. Folaíonn an chatagóir seo comhdhlúthán

loig nó léasa a gnóthaíodh ó ghás gaolmhar agus ó ghás neamh-ghaolmhar ina bhfuil sé cumaiscthe leis an sruth amhola tráchtálach. Ba cheart na cainníochtaí a thuairisciú go neamhspleách ar an modh eastósctha (gnásúil agus neamhghnásúil). Ní fholaítear LGN le hamhola.

3.4.2. LEACHTANNA GÁIS NÁDÚRTHA (LGN)

Is hidreacarbóin leachta nó leachtaithe iad LGN a gnóthaíodh ó ghás nádúrtha i saoráidí deighilte nó i ngléasraí próiseála gáis. Folaíonn leachtanna gáis nádúrtha eatán, própán, bútán (gnáthbhútán agus iseabútán), (isea)peantán agus pluspheantáin (dá ngairtear uaireanta comhdhlúthán gásailín nádúrtha nó comhdhlúthán gléasra).

3.4.3. BUNÁBHAIR SCAGLAINNE

Is éard is bunábhar scaglainne ola phróiseáilte atá ceaptha dul i gcomhair tuilleadh próiseála (e.g. ola bhreosla comhrite nó ola fholúsgháis) gan cumasc a áireamh. Déanfar é a chlaochlú, le tuilleadh próiseála, i gcomhpháirt agus/nó i dtáirge críochnaithe amháin nó níos mó. Folaíonn an sainmhíniú seo freisin aischuir ón tionscal peitriceimiceach go dtí an tionscal scagtha (e.g. gásailín pirealaithe, codáin C4, codáin ola gáis agus ola breosla).

3.4.4. BREISEÁIN/OCSAIGIONÁITÍ

Maidir le breiseáin is comhdhúile neamh-hidreacarbóin iad a chuirfear le táirge nó a chumascfar le táirgí peitriliam chun a n-airíonna breosla a mhodhnú (ochtán, ceatán, fuar-airíonna, etc.). I measc na mbreiseán áirítear ocsaiginí (amhail alcóil (meatánól, eatánól), éitear (éitear búitileach treasach meitile (MTBE), éitear búitileach treasach eitileach (ETBE), éitear meitile aimileach threasach (TAME) etc.), eistir (ola ráibe nó dé-mheitileistir, etc.), comhdhúile ceimiceacha (amhail luaidhe theitrimeitile (TML), luaidhe theitreitile (TEL) agus glantaigh). Ba cheart baint a bheith ag na cainníochtaí breiseán/ocsaigionáití (alcóil, éiteir, eistir agus comhdhúile ceimiceacha eile) arna dtuairisciú sa chatagóir seo leis na cainníochtaí a mheascfar le breoslaí nó a úsáidfear mar bhreosla. Áirítear sa chatagóir seo bithbhreoslaí a chumasctar le breoslaí iontaise leachtacha.

3.4.5. BITHBHREOSLAÍ I mBREISEÁIN/OCSAIGIONÁITÍ

Baineann cainníochtaí bithbhreoslaí leachtacha arna dtuairisciú sa chatagóir seo le bithbhreoslaí leachtacha cumaiscthe agus ní thagraíonn siad ach do chuid an leachtaigh bhithbhreosla seachas le toirt iomlán na leachtanna a ndéantar na bithbhreoslaí leachtacha a chumasc leo. Ní fholaítear gach bithbhreosla leachtach nár cumascadh.

3.4.6. HIDREACARBÓIN EILE

Amhola shintéiseach ó tharraghainimh, ola scealla, etc., leachtanna ó leachtú guail, aschuir leachtanna ó chlaochlú gáis nádúrtha go gásailín, go hidrigin agus go holaí eiblithe (e.g. orimulsion); ní fholaítear scealla ola; Folaíonn sé an ola scealla (táirge tánaisteach).

3.4.7. TÁIRGÍ PEITRILIAM

Is éard atá i dtáirgí peitriliam comhiomlán táirge atá cothrom le suim an gháis scaglainne, eatán, gáis pheitriliam leachtaithe, nafta, gásailín mótair, gásailín eitlíochta, scaird-bhreosla de chineál gásailín, scaird-bhreosla den chineál ceirisín, ceirisín eile, ola gháis/díosail, ola bhreosla, biotáille bhán ad SPB, bealaí, biotúman, céireacha pairifín, cóc peitriliam agus táirgí eile.

3.4.8. GÁS SCAGLAINNE

Folaíonn gás scaglainne meascán de gháis neamh-inchomhdhlúite arb éard iad go príomha hidrigin, meatán, eatán agus olaifíní a fhaightear le linn amhola a dhriogadh nó táirgí ola a chóireáil (e.g. cnagadh) i scaglanna. Folaíonn sé seo freisin gáis a aischuirfear ón tionscal peitriceimiceach.

3.4.9. EATÁN

Hidreacarbón dronslabhra atá gásach go nádúrtha, ($C_2H_6$) a eastósctar ó shruthanna gáis nádúrtha agus ó shruthanna gáis scaglainne.

3.4.10. GÁS PEITRILIAM LEACHTAITHE (GPL)

Is hidreacarbóin phairifíneacha éadroma iad GPL a díorthaítear ó na próisis scaglainne, ó ghléasraí cobhsúcháin amhola agus ó ghléasraí próiseála gáis nádúrtha. Is éard atá iontu go príomha própán ($C_3H_8$) agus bútán ($C_4H_{l0}$) nó meascán den dá cheann. Féadfar próipiléin, búitiléin, iseapróipiléin agus iseabúitiléin a áireamh iontu freisin. Go hiondúil, déantar GPL a leachtú faoi bhrú ar mhaithe lena n-iompar agus lena stóráil.

3.4.11. NAFTA

Is bunábhar é nafta atá ceaptha don tionscal peitriceimiceach (e.g. monarú eitiléine nó táirgeadh cumhránaice) nó chun gásailín a tháirgeadh trí athfhoirmiú nó isiméiriú laistigh den scaglann. Is éard atá i nafta ábhar atá sa réimse driogtha 30 °C agus 210 °C nó i gcuid den réimse seo.

3.4.12. GÁSAILÍN MÓTAIR

Is éard atá i ngásailín mótair meascán de hidreacarbóin éadroma a dhriogann idir 35 °C agus 215 °C. Úsáidtear é mar bhreosla d'innill spréachadhainte ar talamh. Féadfaidh breiseáin, ocsaiginàití agus feabhsaitheoirí ochtáin, lena bhfolaítear comhdhúile luaidhe, a bheith san áireamh le gásailín mótair. Folaítear comhpháirteanna cumaiscthe gásailín mótair (seachas breiseáin/ocsaigionáití), e.g. ailcioláití, isimearáit, athfhormáit, gásailín cnagtha atá ceaptha le húsáid mar ghásailín mótair críochnaithe. Is éard atá i ngásailín mótair comhiomlán táirge atá cothrom le suim an bhithghásailín cumaiscthe (bithghásailín i ngásailín mótair) agus an neamh-bhithghásailín.

3.4.12.1. Bithghásailín cumaiscthe (bithghásailín i ngásailín mótair)

Bithghásailín a cumascadh i ngásailín mótair.

3.4.12.2. Neamh-bhithghásailín

An chuid eile de ghásailín mótair – gásailín mótair gan bithghásailín cumaiscthe san áireamh (is gásailín mótair de bhunadh iontaise den chuid is mó é sin).

3.4.13. GÁSAILÍN EITLÍOCHTA

Biotáille mótair arna ullmhú go sonrach d'innill loine eitlíochta ag a bhfuil uimhir ochtáin atá oiriúnach don inneall, reophointe -60 °C agus réimse driogtha laistigh de na teorainneacha 30 °C agus 180 °C de ghnáth.

3.4.14. SCAIRD-BHREOSLA DEN CHINEÁL GÁSAILÍNEACH (SCAIRD-BHREOSLA DEN CHINEÁL NAFTA NÓ JP4)

Folaíonn sé sin gach ola hidreacarbóin éadrom atá le húsáid in aonaid chumhachta tuirbín eitlíochta, agus iad ag driogadh idir 100 °C agus 250 °C. Faightear iad trí cheirisíní agus gásailín nó nafta a chumasc sa chaoi nach mó ná 25 % toirte an cion aramatach, agus go bhfuil an galbhrú idir 13,7 kPa agus 20,6 kPa.

3.4.15. Scaird-bhreosla den chineál ceirisíneach

Driogáit a úsáidtear le haghaidh aonaid chumhachta tuirbín eitlíochta. Tá na hairíonna driogtha céanna aige idir 150 °C agus 300 °C (nach airde go hiondúil ná 250 °C) agus an splancphointe céanna aige agus atá ag ceirisín. Ina theannta sin, tá sonraíochtaí áirithe aige (ar nós an reophointe) atá bunaithe ag an gComhlachas Aeriompair Idirnáisiúnta (CAII). Folaítear comhpháirteanna cumaiscthe ceirisín. Is éard atá i scaird-bhreosla den chineál ceirisín comhiomlán táirge atá cothrom le suim an bhithcheirisín scairdeitleáin cumaiscthe (bithcheirisín scairdeitleáin i scaird-bhreosla den chineál ceirisín) agus an neamh-bhithcheirisín scairdeitleáin.

3.4.15.1. Bithcheirisín scairdeitleáin cumaiscthe (bithcheirisín scairdeitleáin i scaird-bhreosla den chineál ceirisín)

Bithcheirisín scairdeitleáin a chumascadh i scaird-bhreosla den chineál ceirisín.

3.4.15.2. Neamh-bhithcheirisín scairdeitleáin

An chuid eile de scaird-bhreosla den chineál ceirisín – scaird-bhreosla den chineál ceirisín gan bithcheirisín scairdeitleáin cumaiscthe san áireamh (is scaird-bhreosla den chineál ceirisín de bhunadh iontaise den chuid is mó é sin).

3.4.16. CEIRISÍN EILE

Driogáit pheitriliam scagtha a úsáidtear in earnálacha seachas iompar aerárthaí. Driogann sé idir 150 °C agus 300 °C.

3.4.17. OLA GHÁIS/OLA DHÍOSAIL (OLA BHREOSLA DHRIOGÁITE)

Driogáit mheánach is ea ola gháis/ola dhíosail go príomha a dhriogtar idir 180 °C agus 380 °C. Folaítear comhpháirteanna cumaiscthe leis sin. Tá roinnt grád ar fáil ag brath ar úsáidí. Le hola gháis/ola dhíosail áirítear ola dhíosail ar bhóthar le haghaidh innill adhainte comhbhrú díosail gluaisteán agus trucailí. Le hola gháis/ola dhíosail áirítear ola teasa éadrom le haghaidh úsáidí tionscail agus tráchtála, díosal mara agus díosal a úsáidtear i dtrácht iarnróid, ola gháis eile lena bhfolaítear olaí gáis troma a dhriogann idir 380 °C agus 540 °C agus a úsáidtear mar bhunábhair pheitriceimiceacha. Is éard is ola gháis/díosail ann comhiomlán táirge atá cothrom le suim na mbithdhíosal cumaiscthe (bithdhíosail in ola gháis/ola dhíosail) agus na neamh-bhithdhíosal.

3.4.17.1. Bithdhíosail chumaiscthe (bithdhíosail in ola gháis/díosail)

Bithdhíosail a cumascadh in ola gáis/ola dhíosail.

3.4.17.2. Neamh-bhithdhíosail

An chuid eile d'ola gháis/ola dhíosail - ola gháis/ola dhíosail gan bithdhíosail cumaiscthe san áireamh (is é seo den chuid is mó ola gháis/ola dhíosail de thionscnamh iontaise).

3.4.18. OLA BHREOSLA (OLA BHREOSLA THROM)

Gach ola bhreosla iarmharach (throm) (lena bhfolaítear iad sin a fhaightear trí chumasc). Tá an tslaodacht chinéimiteach os cionn 10 cSt ag 80 °C. Bíonn an splancphointe i gcónaí os cionn 50 °C agus bíonn an dlús i gcónaí os cionn 0,90 kg/l. Is éard is ola bhreosla ann comhiomlán táirge atá cothrom le suim ola bhreosla de shulfar ard agus ola bhreosla de shulfar íseal.

3.4.18.1. Ola bhreosla sulfair íseal (LSFO)

Ola bhreosla ina bhfuil cion sulfair níos lú ná 1 %.

3.4.18.2. Ola bhreosla sulfair ard (HSFO)

Ola bhreosla ina bhfuil cion sulfair 1 % nó níos mó.

3.4.19. Biotáille bhán agus FPS

Sainmhínítear biotáille bhán agus SBP mar earraí idirmheánacha driogáite scagtha le driogadh sa raon nafta/ceirisín. Áirítear leo biotáille thionsclaíoch (ar a dtugtar SBP freisin; olaí éadroma a dhriogann idir 30 °C agus 200 °C i seacht ngrád nó ocht ngrád de bhiotáille thionsclaíoch, ag brath ar shuíomh na gearrtha sa raon driogtha - sainmhínítear na gráid de réir na héagsúlachta sa teocht idir na pointí driogtha de thoirt 5 % agus de thoirt 90 %, nach bhfuil níos airde ná 60 °C) agus biotáillí bána (biotáille thionsclaíoch a bhfuil splancphointe os cionn 30 °C aici agus an raon driogtha idir 135 °C agus 200 °C).

3.4.20. BEALAÍ

Hidreacarbóin a tháirgtear ó fhotháirge driogáite. Úsáidtear iad go príomha chun frithchuimilt idir dromchlaí imthaca a laghdú. Folaítear gach grád d'ola bhealaithe, ó ola fearsaide go hola sorcóra, agus iad sin a úsáidtear i ngréisc, in olaí mótair agus i ngach grád de stoic olabhunacha bhealaithe.

3.4.21. BIOTÚMAN

Hidreacarbón soladach, leathsholadach nó slaodach ag a bhfuil struchtúr collóideach, atá ar dhath donn go dubh, agus a fhaightear mar iarmhar i ndriogadh amhola, trí fholúsdriogadh iarmhar ola ó dhriogadh atmaisféarach. Tagraítear do bhiotúman go minic mar asfalt agus úsáidtear go príomha é chun bóithre a thógáil agus le haghaidh ábhar dín. Folaíonn sé biotúman sreabhánaithe agus siartha.

3.4.22. CÉIREACHA PAIRIFÍN

Is hidreacarbóin alafatacha sáithithe iad seo. Is iarmhair iad a úsctar agus olaí bealaí á ndíchéiriú. Tá struchtúr criostalach acu atá mín a bheag nó a mhór de réir an ghráid. Is iad seo a leanas a bpríomhghnéithe: tá siad éadathach, neamhbholaitheach agus tréshoilseach, agus tá leáphointe os cionn 45 °C acu.

3.4.23. CÓC PEITRILIAM

Fotháirge soladach dubh, a fhaightear go príomha trí bhunábhar a fhaightear ó pheitriliam, folúsghrinnill, tarra agus pic a chnagadh agus a charbónú i bpróisis amhail cócú moillithe nó leachtchócú. Is éard atá ann go príomha carbón (90-95 %) agus tá cion luatha íseal aige. Úsáidtear é mar ábhar beatha in oighinn chóic i dtionscal na cruach, chun críocha téimh, chun leictreoidí a mhonarú agus chun ceimiceáin a tháirgeadh. Is iad 'cóc amh' agus 'cóc cailcínithe' an dá cháilíocht is tábhachtaí. Folaíonn sé 'cóc catalaíoch' arna dheascadh ar an gcatalaíoch le linn próisis scagtha; níl an cóc seo inathghnóthaithe agus de ghnáth dóitear é mar bhreosla scaglainne.

3.4.24. TÁIRGÍ EILE

Gach táirge nach luaitear go sonrach thuas, mar shampla: tarra agus sulfar. Folaítear cumhránaic (e.g. BTX nó beinséin, tolúéin agus xiléin) agus olaifíní (e.g. próipiléin) a tháirgtear i scaglanna.

## 3.5. FOINSÍ INATHNUAITE AGUS DRAMHAÍL

3.5.1. HIDREAFHUINNEAMH

Fuinneamh poitéinsiúil agus cinéiteach an uisce arna thiontú ina leictreachas i ngléasraí hidrileictreacha. Is éard is fuinneamh hidrileictreach ann comhiomlán táirge atá cothrom le suim na ngléasraí hidrileictreacha íona, na ngléasraí hidrileictreacha measctha agus na ngléasraí taisce íonchaidéalaithe.

3.5.1.1. Gléasraí hidrileictreacha íona

Gléasraí hidrileictreacha nach n-úsáideann ach insreabhadh díreach uisce nádúrtha agus nach bhfuil aon acmhainn acu chun hidreachaidéal a stóráil (uisce a phumpáil in aghaidh fána).

3.5.1.2. Gléasraí hidrileictreacha measctha

Gléasraí hidrileictreacha le hinsreabhadh nádúrtha uisce isteach i dtaiscumar uachtair inar féidir páirt nó an trealamh ar fad a úsáid chun uisce a phumpáil in aghaidh fána; tá an leictreachas a ghintear de thoradh insreabhadh uisce nádúrtha agus uisce a pumpáladh in aghaidh an fhána roimhe sin.

3.5.1.3. Gléasraí taisce pumpála íona

Gléasraí hidrileictreacha gan aon insreabhadh nádúrtha uisce isteach sa taiscumar uachtarach; rinneadh formhór mór an uisce a ghineann leictreachas a phumpáil in aghaidh fána roimhe sin; gan báistí ná sneachta a áireamh.

3.5.2. FUINNEAMH GEOITEIRMEACH

Fuinneamh atá ar fáil mar theas a astaítear ó fhorscreamh na talún, a bhíonn i bhfoirm uisce the nó gaile de ghnáth; gan teas comhthimpeallach arna ghabháil ag teaschaidéil fhoinse na talún a áireamh. Is ionann táirgeadh an fhuinnimh gheoiteirmigh agus an difríocht idir eantalpacht an tsreabháin a tháirgtear sa táirgeadh tollphoill agus eantalpacht an tsreabháin a dhiúscraítear ar deireadh.

3.5.3. GRIANFHUINNEAMH

Is éard is grianfhuinneamh ann comhiomlán táirge atá cothrom le suim na fótavoltach gréine agus na teirmeach gréine.

3.5.3.1. Grianfhuinneamh fótavoltach

Solas na gréine arna thiontú ina leictreachas trí ghrianchealla a úsáid a ghinfidh leictreachas nuair a nochtar do sholas iad. Tá an leictreachas go léir a tháirgtear le tuairisciú (lena bhfolaítear táirgeadh ar mhionscála agus suiteálacha eiseangach).

3.5.3.1.1. Ar leibhéal an dín

Tuairisceofar anseo an méid fuinnimh a tháirgtear ag painéil ghréine fhótavoltacha suite ar fhoirgnimh a bhfuil cuspóir eile príomhúil acu ná táirgeadh fuinnimh. Áirítear BIPV ann freisin (ábhair fhótavoltacha comhtháite san fhoirgneamh), áit nach bhfuil na painéil fhótavoltacha ar an díon, ach a bhfuil siad ceangailte den fhoirgneamh mar shampla. Ní mheastar gur painéil dhíonta iad painéil Gréine PV má chuirtear ar limistéar leathan iad, ar an talamh, mar shampla, spás breise a úsáid (e.g. limistéir thalmhaíochta).

3.5.3.1.2. Eiseangach

Tuairisceofar eiseangach anseo, faoi mar atá sainmhínithe in Iarscríbhinn A, 3.3.1.

3.5.3.2. Grianfhuinneamh teirmeach

Teas ó radaíocht na gréine (solas na gréine) arna shaothrú chun críocha fuinnimh úsáideacha. Folaítear leis sin, mar shampla, gléasraí grianfhuinnimh teirmeacha-leictreacha agus córais ghníomhacha chun uisce te sláintíoch a tháirgeadh nó chun spás i bhfoirgnimh a théamh. Is é an táirgeadh fuinnimh sin an teas atá ar fáil don mheán aistrithe teasa, i.e. an grianfhuinneamh ionsaitheach lúide na caillteanais optúla agus caillteanais na dtiomsaitheoirí. Ní fholaítear grianfhuinneamh arna ghabháil ag córais éighníomhacha maidir le téamh, le fuarú agus le soilsiú foirgneamh; ní fholaítear ach fuinneamh na gréine i ndáil leis na córais ghníomhacha.

3.5.4. FUINNEAMH TAOIDE, TONNFHUINNEAMH, FUINNEAMH FARRAIGE

Fuinneamh meicniúil a fhaightear ó ghluaiseachtaí taoide, ó thonnghluaiseacht nó ó shruth farraige agus a shaothraítear chun leictreachas a ghiniúint.

3.5.5. Fuinneamh Gaoithe

Fuinneamh cinéiteach gaoithe a shaothraítear chun leictreachas a ghiniúint i dtuirbíní gaoithe. Is éard is gaoth ann comhiomlán táirge atá cothrom le suim na gaoithe ar talamh agus na gaoithe amach ón gcósta.

3.5.5.1. Gaoth ar talamh

Táirgeadh leictreachais ag an ngaoth i suímh ar talamh (intíre, lena bhfolaítear lochanna agus dobharlaigh eile atá suite intíre).

3.5.5.2. Gaoth amach ón gcósta

Táirgeadh leictreachais i suímh amach ón gcósta (e.g. an fharraige, oileáin aigéin agus oileáin shaorga). Maidir le táirgeadh fuinneamh gaoithe amach ón gcósta lasmuigh d'uiscí teorann na críche lena mbaineann, ba cheart gach suiteáil atá suite i limistéar eacnamaíoch eisiach tíre a chur san áireamh.

3.5.6. DRAMHAÍL THIONSCLAÍOCH (AN CHUID NEAMH-INATHNUAITE)

Dramhaíl de thionscnamh tionsclaíoch atá neamh-inathnuaite a dhóitear go díreach ag suiteálacha sonracha chun críocha fuinnimh fhóintigh. Ba cheart cainníocht an bhreosla a úsáidtear a thuairisciú ar bhonn glanluacha chalraigh. Ní fholaítear dramhaíl a loisctear gan ghnóthú fuinnimh. Ba cheart an chuid inathnuaite den dramhaíl thionsclaíoch a thuairisciú sa chatagóir bithbhreoslaí is fearr a dhéanann cur síos air.

3.5.7. DRAMHAÍL CHATHRACH:

Dramhaíl arna táirgeadh ag teaghlaigh, ag ospidéil agus ag an earnáil threasach (go ginearálta, an dramhaíl ar fad atá cosúil le dramhaíl tí), a dhóitear go díreach i suiteálacha sonracha chun críocha fuinnimh fhóintigh. Ba cheart cainníocht an bhreosla a úsáidtear a thuairisciú ar bhonn glanluacha chalraigh. Ní fholaítear dramhaíl a loisctear gan ghnóthú fuinnimh. Is éard is dramhaíl chathrach ann comhiomlán táirge atá cothrom le suim na dramhaíola cathrach inathnuaite agus na dramhaíola cathrach neamh-inathnuaite.

3.5.7.1. Dramhaíl chathrach inathnuaite

An chuid de dhramhaíl chathrach atá de thionscnamh bitheolaíoch.

3.5.7.2. Dramhaíl chathrach neamh-inathnuaite

An chuid de dhramhaíl chathrach atá de thionscnamh neamhbhitheolaíoch.

3.5.8. BITHBHREOSLAÍ

Is éard is bithbhreoslaí ann comhiomlán táirge atá cothrom le suim na mbithbhreoslaí soladacha, na mbithghás agus na mbithbhreoslaí leachtacha. Eisiatar bithbhreoslaí a úsáidtear chun críocha neamhfhuinnimh ó raon feidhme an staidrimh fuinnimh (mar shampla adhmad a úsáidtear le haghaidh tógála nó mar throscán, bithbhealadh a úsáidtear chun innill a bhealú agus bithbhiotúman a úsáidtear le haghaidh dhromchla an bhóthair).

3.5.8.1. Bithbhreoslaí soladacha

Cumhdaítear ábhar orgánach soladach, neamh-iontaiseach de thionscnamh bitheolaíoch (ar a dtugtar bithmhais freisin) a fhéadfar a úsáid mar bhreosla chun teas a tháirgeadh nó chun leictreachas a ghiniúint. Is éard is bithbhreoslaí soladacha ann comhiomlán táirge atá cothrom le suim an fhioghuail, an chonnaidh, na n-iarmhar adhmaid agus na bhfotháirgí, an licéir dhuibh, an bhagáis, na dramhaíola ó ainmhithe, na n-ábhar cothaitheach eile agus na n-iarmharach agus an chodáin in-athnuaite den dramhaíl thionsclaíoch.

3.5.8.1.1. Fioghual

Is breosla monaraithe é an fioghual ó bhithbhreoslaí soladacha - an t-iarmhar soladach ó dhriogadh millteach agus pirealú adhmaid agus ábhar cothaitheach eile.

3.5.8.1.2. Connadh, iarmhair agus seachtháirgí adhmaid

Connadh nó adhmad tine (i bhfoirm lomáin, scuabadhmaid, millíní nó slise) a fhaightear ó fhoraoisí nádúrtha nó ó fhoraoisí bainistithe nó ó chrainn scoite. Folaítear iarmhair adhmaid a úsáidtear mar bhreosla agus ina gcoinnítear comhdhéanamh bunaidh an adhmaid; folaítear millíní adhmaid. Eisiatar fioghual agus licéar dubh. Ba cheart cainníocht an bhreosla a úsáidtear a thuairisciú ar bhonn glanluacha chalraigh.

3.5.8.1.2.1. Millíní adhmaid

Is táirge sorcóireach iad millíní adhmaid atá ceirtleánaithe ó iarmhair adhmaid trí chomhbhrú.

3.5.8.1.3. Licéar dubh

Fuinneamh ón licéar atá alcaileach spíonta a fhaightear ó na díleáiteoirí le linn tháirgeadh na suilfáite nó an laín sóide atá riachtanach chun páipéar a mhonarú. Ba cheart cainníocht an bhreosla a úsáidtear a thuairisciú ar bhonn glanluacha chalraigh.

3.5.8.1.4. Bagás

Breosla a fhaightear ón snáithín atá fágtha tar éis úscadh sú a dhéanamh i bpróiseáil cána siúcra. Ba cheart cainníocht an bhreosla a úsáidtear a thuairisciú ar bhonn glanluacha chalraigh.

3.5.8.1.5. Dramhaíl ainmhithe

Fuinneamh ó eisfhearadh ainmhithe, iarmhair fheola agus éisc a úsáidtear go díreach mar bhreosla agus iad tirim. Ní fholaítear leis sin dramhaíl a úsáidtear i ngléasraí coipthe anaeróbaigh. Folaítear gáis bhreosla ó na gléasraí sin faoi bhithgháis. Ba cheart cainníocht an bhreosla a úsáidtear a thuairisciú ar bhonn glanluacha chalraigh.

3.5.8.1.6. Ábhair eile chothaitheacha agus iarmharaigh

Bithbhreoslaí nach bhfuil sonraithe in aon áit eile agus lena bhfolaítear tuí, crotail ghlasraí, blaoscanna pis talún, scuab-adhmad bearrtha, ola prabhaite olóige agus dramhaíl eile a eascraíonn as cothabháil, curaíocht agus próiseáil plandaí. Ba cheart cainníocht an bhreosla a úsáidtear a thuairisciú ar bhonn glanluacha chalraigh.

3.5.8.1.7. An chuid inathnuaite de dhramhaíl thionsclaíoch

An chuid sholadach inathnuaite den dramhaíl thionsclaíoch a dhóitear go díreach ag suiteálacha sonracha chun críocha fuinnimh fhóintigh (mar shampla, an sciar de rubar nádúrtha i mboinn rubair dramhaíola nó an sciar de shnáithíní nádúrtha i ndramhaíl teicstíle – ó chatagóirí dramhaíola 07.3 agus 07.6, faoi seach, mar a shainmhínítear iad i Rialachán (CE) Uimh. 2150/2002 maidir le staidreamh dramhaíola). Ba cheart cainníocht an bhreosla a úsáidtear a thuairisciú ar bhonn glanluacha chalraigh.

3.5.8.2. Bithghás

Gás atá comhdhéanta go príomha de mheatán agus de dhé-ocsaíd charbóin arna tháirgeadh trí dhíleá anaeróbach bithmhaise nó trí phróisis theirmeacha ó bhithmhais, lena bhfolaítear bithmhais sa dramhaíl. Ba cheart cainníocht an bhreosla a úsáidtear a thuairisciú ar bhonn glanluacha chalraigh. Is éard is bithghás ann comhiomlán táirge atá cothrom le suim an gháis líonta talún, an gháis sloda séarachais, na mbithghás eile ó dhíleá anaeróbach agus na mbithghás ó phróisis theirmeacha.

3.5.8.2.1. Gás líonta talún

Bithghás a tháirgtear ó dhíleá anaeróbach ar dhramhaíl líonta talún.

3.5.8.2.2. Gás sludaigh séarachais

Bithghás a tháirgtear ó choipeadh anaeróbach sludaigh séarachais.

3.5.8.2.3. Bithgháis eile ó dhíleá anaeróbach

Bithghás a tháirgtear ó choipeadh anaeróbach sciodair ainmhí agus ó dhramhaíola i seamlais, i ngrúdlanna agus i dtionscail agrai-bhia eile.

3.5.8.2.4. Bithgháis ó phróisis theirmeacha

Bithghás a tháirgtear ó phróisis theirmeacha (trí ghásúchán nó trí phirealú) bithmhaise.

3.5.8.3. Bithbhreoslaí leachtacha

Folaítear sa chatagóir seo gach breosla leachtach de thionscnamh nádúrtha (e.g. arna dtáirgeadh ó bhithmhais agus/nó ón gcodán in-bhithmhillte de dhramhaíl) atá oiriúnach lena gcumasc le breoslaí leachtacha de thionscnamh iontaise nó le cur in ionad na mbreoslaí sin. Ba cheart na cainníochtaí de bhithbhreoslaí leachtacha nár cumascadh le breoslaí iontaise a chur san áireamh sna cainníochtaí de bhithbhreoslaí leachtacha arna dtuairisciú sa chatagóir seo. I gcás áirithe allmhairí agus onnmhairí bithbhreoslaí leachtacha, níl ábhartha ach trádáil cainníochtaí nár cumascadh le breoslaí iompair (i.e. ina bhfoirm íon); ba cheart trádáil bithbhreoslaí leachtacha arna gcumasc ina mbreoslaí iompair a thuairisciú laistigh den chatagóir ola táirgí. Ní dhéanfar ach bithbhreoslaí leachtacha a úsáidtear chun críocha fuinnimh - a dhóitear go díreach nó arna gcumasc le breoslaí iontaise - a thuairisciú. Is éard is bithbhreoslaí leachtacha ann comhiomlán táirge atá cothrom le suim an bhithghásailín, na mbithdhíosal, an bhithcheirisín scairdeitleáin agus na mbithbhreoslaí leachtacha eile.

3.5.8.3.1. Bithghásailín

Bithbhreoslaí leachtacha atá oiriúnach lena gcumasc le gásailín mótair is de bhunadh iontaise nó atá le cur ina áit.

3.5.8.3.1.1. Bitheatánól

Eatánól mar chuid de bhithghásailín.

3.5.8.3.2. Bithdhíosail

Bithbhreoslaí leachtacha atá oiriúnach lena gcumasc le hola gháis/díosail de thionscnamh iontaise nó lena gcur in ionad ola gháis/díosail de thionscnamh iontaise.

3.5.8.3.3. Bithcheirisín scairdeitleáin

Bithbhreoslaí leachtacha atá oiriúnach lena gcumasc le ceirisín scairdeitleáin de thionscnamh iontaise nó lena gcur in ionad ceirisín scairdeitleáin de thionscnamh iontaise.

3.5.8.3.4. Bithbhreoslaí leachtacha eile

Bithbhreoslaí leachtacha nach n-áirítear in aon cheann de na catagóirí roimhe seo.

3.5.9. TEAS COMHTHIMPEALLACH

Fuinneamh teasa ar leibhéal teochta úsáidigh, a bhaintear (arna ghabháil) trí theaschaidéil a bhfuil leictreachas nó fuinneamh cúnta eile ag teastáil uathu chun go bhfeidhmeoidh siad. Is féidir an fuinneamh teasa seo a stóráil san aer comhthimpeallach, faoi dhromchla an domhain sholadaigh nó in uisce dromchla. Ba cheart luachanna a thuairisciú trí bhíthin na modheolaíochta céanna a úsáidtear chun fuinneamh teasa arna ghabháil ag teaschaidéil faoi Threoir 2009/28/CE agus faoi Threoir (AE) 2018/2001 a thuairisciú, ach ní mór gach teaschaidéal a chur san áireamh gan beann ar an leibhéal feidhmíochta atá leo.

3.6. **HIDRIGIN**

Ní mór hidrigin a úsáidtear mar bhunábhar, mar bhreosla nó mar iompróir fuinnimh/stóráil fuinnimh a thuairisciú. Ní mór an hidrigin uile a thuairisciú, is cuma cé acu a dhíolfar í nó nach ndíolfar í. I gcás gur i meascán atá an hidrigin, níor cheart é a thuairisciú ach amháin nuair is príomh-chomhpháirt ann é ag a bhfuil ardleibhéal íonachta.

*IARSCRÍBHINN B*

**STAIDREAMH BLIANTÚIL FUINNIMH**

Tugtar tuairisc san iarscríbhinn seo ar an raon, ar na haonaid, ar an tréimhse thuairiscithe, ar an minicíocht, ar an sprioc agus ar na socruithe maidir le tarchur i ndáil leis an mbailiú bliantúil ar staidreamh fuinnimh.

Mura sonraítear a mhalairt, tá feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le gach bailiú sonraí mar a shonraítear san iarscríbhinn seo:

a) Tréimhse thuairiscithe: Is bliain féilire (1 Eanáir go 31 Nollaig) a bheidh i dtréimhse thuairiscithe na sonraí dearbhaithe, a thosóidh ag an mbliain tagartha 2022.

b) Minicíocht: Ba cheart sonraí a dhearbhú ar bhonn bliantúil.

c) An spriocdháta maidir le sonraí a tharchur: Ba cheart sonraí a chur isteach faoin 31 Deireadh Fómhair den bhliain tar éis na bliana tuairiscithe, mura sonraítear a mhalairt.

d) Formáid an tarchuir: Ba cheart formáid an tarchuir a bheith i gcomhréir leis an gcaighdeán idirmhalartaithe ábhartha a shonróidh Eurostat.

e) Modh an tarchuir: Ba cheart sonraí a chur isteach chuig pointe iontrála aonair le haghaidh tarchur sonraí Eurostat nó ba cheart na sonraí sin a uaslódáil chuig an bpointe sin ar mhodh leictreonach.

In Iarscríbhinn A tabharfar míniú ar théarmaí nár míníodh san iarscríbhinn seo.

1. **BREOSLAÍ IONTAISE SOLADACHA AGUS GÁIS MHONARAITHE**

1.1. **Táirgí fuinnimh is infheidhme**

Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag an mbailiú sonraí seo maidir le gach ceann de na táirgí fuinnimh a liostaítear in Iarscríbhinn A, Caibidil 3.1. GUAL (breoslaí iontaise soladacha agus gáis mhonaraithe).

1.2. **Liosta na gcomhiomlán**

Ní mór an liosta seo a leanas de na comhiomláin a dhearbhú maidir le gach táirge fuinnimh a liostaítear sa mhír roimhe seo mura sonraítear a mhalairt.

1.2.1. Soláthar

1.2.1.1. Táirgeadh

1.2.1.1.1. Táirgeadh faoi thalamh

Níl sé infheidhme ach amháin maidir le hantraicít, gual cóic, gual biotúmanach eile, gual fobhiotúmanach agus lignít.

1.2.1.1.2. Táirgeadh dromchla

Níl sé infheidhme ach amháin maidir le hantraicít, gual cóic, gual biotúmanach eile, gual fobhiotúmanach agus lignít.

1.2.1.2. Fáltais ó fhoinsí eile

Tá dhá ghné i gceist leis seo:

— sciodar gnóthaithe, meánaigh agus táirgí guail eile de ghrád íseal, nach féidir a aicmiú de réir chineál an ghuail, lena bhfolaítear gual arna ghnóthú ó phílí dramhaíola agus ó ghabhdáin dramhaíola eile,

— fáltais ó fhoinsí eile.

1.2.1.3. Fáltais ó fhoinsí eile: ó tháirgí ola

Neamhbhainteach maidir le hantraicít, le gual cóic, le gual biotúmanach eile, le gual fo-bhiotúmanach, le lignít, le móin, agus le scealla ola agus gainimh ola.

1.2.1.4. Fáltais ó fhoinsí eile: ó ghás nádúrtha

Neamhbhainteach maidir le hantraicít, le gual cóic, le gual biotúmanach eile, le gual fo-bhiotúmanach, le lignít, le móin, agus le scealla ola agus gainimh ola.

1.2.1.5. Fáltais ó fhoinsí eile: ó fhoinsí inathnuaite

Neamhbhainteach maidir le hantraicít, gual cóic, gual biotúmanach eile, gual fo-bhiotúmanach, lignít, móin, scealla ola agus gainimh ola.

1.2.1.6. Allmhairí

1.2.1.7. Onnmhairí

1.2.1.8. Umair Mhuirí Idirnáisiúnta

1.2.1.9. Athruithe ar stoic

1.2.2. Earnáil an chlaochlaithe

1.2.2.1. Leictreachas na dtáirgeoirí príomhghníomhaíochta amháin

1.2.2.2. Aonaid teasa agus cumhachta in éineacht (CTÉ) na dtáirgeoirí príomhghníomhaíochta

1.2.2.3. Teas na dtáirgeoirí príomhghníomhaíochta amháin

1.2.2.4. Uath-tháirgeoirí - Táirgeadh leictreachais amháin

1.2.2.5. Uath-Tháirgeoirí - Aonaid teasa agus cumhachta in éineacht (CTÉ)

1.2.2.6. Teas na n-uath-tháirgeoirí amháin

1.2.2.7. Gléasraí Breosla Paitinne

1.2.2.8. Oighinn cóic

1.2.2.9. Gléasraí BKB/PB:

1.2.2.10. Oibreacha Gáis

1.2.2.11. Foirnéisí Soinneáin

1.2.2.12. Leachtú guail

1.2.2.13. Maidir le gás nádúrtha cumaiscthe

1.2.2.14. Nach bhfuil sonraithe in aon áit eile – Claochlú

1.2.3. An Earnáil Fuinnimh

1.2.3.1. Gléasraí leictreachais, CTÉ agus teasa

1.2.3.2. Mianaigh ghuail

1.2.3.3. Gléasraí Breosla Paitinne

1.2.3.4. Oighinn cóic

1.2.3.5. Gléasraí BKB/PB:

1.2.3.6. Oibreacha Gáis

1.2.3.7. Foirnéisí Soinneáin

1.2.3.8. Scaglanna peitriliam

1.2.3.9. Leachtú guail

1.2.3.10. Nach bhfuil Sonraithe in Aon Áit Eile - Fuinneamh

1.2.4. TARCHUR AGUS Caillteanais Dáilte

1.2.5. Úsáid neamhfhuinnimh

1.2.5.1. Earnáil an tionscail, earnáil an chlaochlaithe agus earnáil an fhuinnimh

Úsáid neamhfhuinnimh i bhfo-earnáil an tionscail, i bhfo-earnáil an chlaochlaithe agus i bhfo-earnáil an fhuinnimh, e.g. gual a úsáidtear chun meatánól nó amóinia a dhéanamh.

1.2.5.1.1. An earnáil cheimiceach agus an earnáil pheitriceimiceach

NACE Rev. 2, Rannáin 20 agus 21; folaíonn úsáid neamhfhuinnimh guail an úsáid a bhaintear as ina mbunábhair chun leasachán a tháirgeadh agus ina mbunábhair le haghaidh táirgí peitriceimiceacha eile.

1.2.5.2. An earnáil iompair

Úsáid neamhfhuinnimh i bhfo-earnálacha uile an iompair.

1.2.5.3. Earnálacha eile

Úsáid neamhfhuinnimh i Seirbhísí tráchtála agus seirbhísí poiblí, i dteaghlaigh, sa talmhaíocht agus áiteanna nach bhfuil sonraithe in áit eile - Eile.

1.2.6. Tomhaltas Fuinnimh Deiridh — Earnáil an Tionscail

1.2.6.1. Iarann agus cruach

1.2.6.2. An tionscal ceimiceach agus peitriceimiceach

1.2.6.3. Miotail neamhfheiriúla

1.2.6.4. Mianraí neamh-mhiotalacha

1.2.6.5. Trealamh iompair

1.2.6.6. Innealra

1.2.6.7. Mianadóireacht agus cairéalacht

1.2.6.8. Bia, deochanna agus tobac

1.2.6.9. Laíon, páipéar agus clódóireacht

1.2.6.10. Adhmad agus táirgí adhmaid

1.2.6.11. Tógáil

1.2.6.12. Teicstíl agus leathar

1.2.6.13. Nach sonraítear in aon áit eile - Tionscal

1.2.7. Tomhaltas Fuinnimh Deiridh — Earnáil an Tionscail

1.2.7.1. Iarnród

1.2.7.2. Loingseoireacht Intíre

1.2.7.3. Nach bhfuil Sonraithe in Áit Eile - Iompar

1.2.8. TOMHALTAS FUINNIMH DEIRIDH — EARNÁLACHA EILE

1.2.8.1. Seirbhísí tráchtála agus poiblí

1.2.8.2. Teaghlaigh

1.2.8.3. Talmhaíocht

1.2.8.4. Foraoiseacht

1.2.8.5. Iascaireacht

1.2.8.6. Nach bhfuil sonraithe in áit eile - Eile

1.2.9. Allmhairí de réir tír tionscnaimh, agus onnmhairí de réir tír cinn scríbe.

Ba cheart allmhairí de réir tír tionscnaimh, agus onnmhairí de réir tír cinn scríbe a thuairisciú. Infheidhme maidir le hantraicít, gual cóic, gual biotúmanach eile, gual fo-bhiotúmanach, lignít, breosla paitinne, cóc oighinn, tarra guail, tarra guail, móin, táirgí móna agus scealla ola agus gainimh ola.

1.2.10. LUACHANNA CALRACHA

Infheidhme maidir le hantraicít, gual cóic, gual biotúmanach eile, gual fo-bhiotúmanach, lignít, breosla paitinne, cóc oighinn, cóc gáis, tarra guail, tarra guail, móin, táirgí móna agus scealla ola agus gainimh ola.

Ní mór glanluachanna agus luachanna calracha araon a dhearbhú i leith na dtáirgí seo a leanas:

1.2.10.1. Táirgeadh

1.2.10.2. Allmhairí

1.2.10.3. Onnmhairí

1.2.10.4. A úsáidtear in oighinn chóic

1.2.10.5. A úsáidtear i bhfoirnéisí soinneáin

1.2.10.6. A úsáidtear i ngléasraí an táirgeora príomhghníomhaíochta leictreachais amháin, an táirgeora príomhghníomhaíochta teasa amháin agus an táirgeora príomhghníomhaíochta leictreachais agus teasa

1.2.10.7. A úsáidtear i dTionscal

1.2.10.8. gairis le haghaidh úsáidí eile

1.3. **Aonaid tomhais**

Ní mór cainníochtaí tuairiscithe a dhearbhú in kt (cileathonaí), seachas gáis mhonaraithe (gás oibreacha gáis, gás oighinn chóic, gás foirnéise soinneáin, gáis ghnóthaithe eile), áit inar gá an chainníocht thuairiscithe a dhearbhú in TJ GCV (teirighiúil bunaithe ar oll-luachanna calracha).

Ní mór na luachanna calracha a dhearbhú in MJ/t (meigighiúil in aghaidh an tona)

1.4. **Maoluithe agus díolúintí**

Neamhbhainteach.

2. **GÁS NÁDÚRTHA**

2.1. **Táirgí fuinnimh is infheidhme**

Cuimsíonn an chaibidil seo tuairisciú gáis nádúrtha.

2.2. **Liosta na gcomhiomlán**

Ní mór liosta na gcomhiomlán seo a leanas a dhearbhú le haghaidh gás nádúrtha.

2.2.1. Earnáil an tSoláthair

Ní mór na cainníochtaí dearbhaithe le haghaidh earnáil an tsoláthair a shloinneadh in aonaid toirte agus fuinnimh, agus ní mór na holl-luachanna agus na glanluachanna calracha a bheith san áireamh iontu.

2.2.1.1. Táirgeadh dúchais

Áirítear ann táirgeadh amach ón gcósta.

2.2.1.1.1. Gás Gaolmhar

Gás a tháirgtear in éineacht le hamhola.

2.2.1.1.2. Gás neamhghaolmhar

Gás nádúrtha a thagann as goirt a tháirgeann hiodracarbóin i bhfoirm ghásach amháin.

2.2.1.1.3. Gás Gualchan

Meatán a tháirgtear i mianaigh ghuail nó ó shíoga guail, agus a sheoltar trí phíopaí chuig an dromchla agus a thomhlaítear i ngualchana nó a tharchuirfear trí phíblíne chuig tomhaltóirí.

2.2.1.2. Fáltais ó fhoinsí eile

2.2.1.2.1. Fáltais ó fhoinsí eile: Táirgí ola agus táirgí peitriliam

2.2.1.2.2. Fáltais ó fhoinsí eile: Gual

2.2.1.2.3. Fáltais ó fhoinsí eile: Foinsí inathnuaite

2.2.1.3. Allmhairí

2.2.1.4. Onnmhairí

2.2.1.5. Umair mhuirí idirnáisiúnta

2.2.1.6. Athruithe ar stoic

2.2.1.7. Tomhaltas intíre (Breathnaithe)

2.2.1.8. Gás inghnóthaithe:

Ba cheart leibhéil an stoic tosaigh agus deiridh a dhearbhú ar leithligh, mar stoic ar chríoch náisiúnta agus stoic a shealbhaítear thar lear, faoi seach. Ciallaíonn 'leibhéal stoic' an chainníocht gháis atá ar fáil lena seachadadh le linn aon timthrialla ionchuir-aschurtha. Tagraíonn sé seo do ghás inghnóthaithe arna stóráil i saoráidí stórála speisialta (gás laghdaithe agus/nó olacheantar, uiscíoch, cuas salainn, uaimheanna measctha, nó eile) mar aon le stóráil gháis nádúrtha leachtaithe. Ní cóir gás stuáilte a fholú. Ní bheidh feidhm ag an gceanglas maidir le luachanna calracha a dhearbhú anseo.

2.2.1.9. Gás arna Scaoileadh

Toirt an gháis a scaoiltear isteach san aer ar an láithreán táirgthe nó ag an ngléasra próiseála gáis. Ní bheidh feidhm ag an gceanglas maidir le luachanna calracha a dhearbhú anseo.

2.2.1.10. Gás arna Bhrúchtadh

Toirt an gháis a dhóitear i mbladhmanna ar an láithreán táirgthe nó ag an ngléasra próiseála gáis. Ní bheidh feidhm ag an gceanglas maidir le luachanna calracha a dhearbhú anseo.

2.2.2. Earnáil an Chlaochlaithe

2.2.2.1. Leictreachas na dtáirgeoirí príomhghníomhaíochta amháin

2.2.2.2. Uath-tháirgeoirí - Táirgeadh leictreachais amháin

2.2.2.3. Aonaid CTÉ na dtáirgeoirí príomhghníomhaíochta

2.2.2.4. Aonaid CTÉ uath-tháirgeoirí

2.2.2.5. Teas na dtáirgeoirí príomhghníomhaíochta amháin

2.2.2.6. Teas na n-uath-tháirgeoirí amháin

2.2.2.7. Oibreacha Gáis

2.2.2.8. Oighinn cóic

2.2.2.9. Foirnéisí Soinneáin

2.2.2.10. Gás go leachtanna

2.2.2.11. Nach bhfuil sonraithe - Claochlú

2.2.3. An Earnáil Fuinnimh

2.2.3.1. Mianaigh ghuail

2.2.3.2. Ola agus gás a eastóscadh

2.2.3.3. Ionchuir i scaglanna ola

2.2.3.4. Oighinn cóic

2.2.3.5. Foirnéisí Soinneáin

2.2.3.6. Oibreacha Gáis

2.2.3.7. Gléasraí leictreachais, CTÉ agus teasa

2.2.3.8. Leachtú (GNL) nó Gásúchán

2.2.3.9. Gás go leachtanna

2.2.3.10. Nach bhfuil Sonraithe in Aon Áit Eile - Fuinneamh

2.2.4. CAILLTEANAIS TARCHURTHA

2.2.5. Caillteanais Dáilte

2.2.6. Earnáil an Iompair

Ba cheart tomhaltas fuinnimh deiridh agus tomhaltas deiridh neamhfhuinnimh a dhearbhú ar leithligh le haghaidh na gcomhiomlán seo a leanas.

2.2.6.1. Bóthar

2.2.6.2. Iompar de phíblíne

2.2.6.3. Loingseoireacht intíre

2.2.6.4. Nach bhfuil sonraithe in áit eile - iompar

2.2.7. Earnáil an Tionscail

Ba cheart tomhaltas fuinnimh deiridh agus tomhaltas deiridh neamhfhuinnimh a dhearbhú ar leithligh le haghaidh na gcomhiomlán seo a leanas.

2.2.7.1. Iarann agus cruach

2.2.7.2. An tionscal ceimiceach agus peitriceimiceach

2.2.7.3. Miotail neamhfheiriúla

2.2.7.4. Mianraí neamh-mhiotalacha

2.2.7.5. Trealamh iompair

2.2.7.6. Innealra

2.2.7.7. Mianadóireacht agus cairéalacht

2.2.7.8. Bia, deochanna agus tobac

2.2.7.9. Laíon, páipéar agus clódóireacht

2.2.7.10. Adhmad agus táirgí adhmaid

2.2.7.11. Tógáil

2.2.7.12. Teicstíl agus leathar

2.2.7.13. Nach bhfuil sonraithe in áit eile - tionscal

2.2.8. EARNÁLACHA EILE

Ba cheart tomhaltas fuinnimh deiridh agus tomhaltas deiridh neamhfhuinnimh a dhearbhú ar leithligh le haghaidh na gcomhiomlán seo a leanas.

2.2.8.1. Seirbhísí tráchtála agus poiblí

2.2.8.2. Teaghlaigh

2.2.8.3. Talmhaíocht

2.2.8.4. Foraoiseacht

2.2.8.5. Iascaireacht

2.2.8.6. Nach bhfuil sonraithe in áit eile - Eile

2.2.9. ALLMHAIRÍ DE RÉIR TÍR TIONSCNAIMH, AGUS ONNMHAIRÍ DE RÉIR TÍR CINN SCRÍBE.

Déanfar cainníochtaí an gháis nádúrtha iomláin, agus na coda GNL de, a dhearbhú de réir na tíre tionscnaimh le haghaidh allmhairí agus de réir na tíre cinn scríbe le haghaidh onnmhairí.

2.2.10. Toilltí Stórála Gáis

Le tuairisciú ar leithligh mar shaoráidí stórála gáis gásacha agus críochfoirt le haghaidh gás nádúrtha leachtaithe (le hidirdhealú tuilleadh mar chríochfoirt allmhairíochta GNL nó críochfoirt onnmhairíochta GNL).

2.2.10.1. Ainm

Ainm láithreán na saoráide stórála nó an chríochfoirt GNL.

2.2.10.2. Cineál (le haghaidh na saoráidí stórála gáis gásacha amháin).

Cineál na stórála, ar nós gáscheantair laghdaithe, cuais salainn, etc.

2.2.10.3. Toilleadh Oibre

Le haghaidh saoráidí stórála speisialta gáis gásacha: Toilleadh iomlán gáis stórála, lúide an gás stuáilte. Is é an gás stuáilte an toilleadh iomlán gáis atá ag teastáil mar fhardal buan chun brúnna leordhóthanacha taiscumar stórála faoi thalamh agus rátaí inseachadachta ar feadh an timthrialla aschuir a chothabháil.

Le haghaidh críochfoirt GNL: Toilleadh stórála gáis arna sloinneadh i gcoibhéis gháis ghásach.

2.2.10.4. Aschur Buaice

An ráta uasta ag a bhféadfaí gás a bhaint ón stóráil lena mbaineann. tá sé sin ag comhfhreagairt don toilleadh uasta aistarraingthe.

2.2.10.5. Toilleadh athdhéanta gáis nó leachtaithe (le haghaidh críochfoirt GNL amháin)

Ní mór an toilleadh athdhéanta gáis a thuairisciú le haghaidh críochfoirt allmhairíochta agus an toilleadh leachtaithe a thuairisciú le haghaidh críochfoirt onnmhairíochta.

2.3. **Aonaid tomhais**

Ba cheart cainníochtaí gáis nádúrtha a dhearbhú de réir a luach fuinnimh, i.e. in TJ, bunaithe ar an oll-luach calrach. I gcás ina mbeidh cainníochtaí fisiciúla ag teastáil, beidh an t-aonad i $10^6 m^3$ agus coinníollacha gáis tagartha á gcur i gcás (15 °C, 101 325 Pa).

Ba cheart luachanna calracha a dhearbhú in kJ/m3, agus coinníollacha gáis tagartha á gcur i gcás (15 °C, 101 325 Pa).

Ba cheart toilleadh oibre a dhearbhú in $10^6 m^3$, agus coinníollacha gáis tagartha á gcur i gcás (15 °C, 101 325 Pa).

Ba cheart buaic-chumhacht, toilleadh athdhéanta gáis agus toilleadh leachtaithe a dhearbhú in 106m3/in aghaidh an lae, agus coinníollacha gáis tagartha á gcur i gcás (15 °C, 101 325 Pa).

3. **LEICTREACHAS AGUS TEAS**

3.1. **Táirgí fuinnimh is infheidhme**

Cumhdaíonn an chaibidil seo teas agus leictreachas.

3.2. **Liosta na gcomhiomlán**

Ba cheart liosta na gcomhiomlán seo a leanas a dhearbhú le haghaidh teasa agus leictreachais mura sonraítear a mhalairt.

3.2.1. TÁIRGEADH LEICTREACHAIS AGUS TEASA

Beidh feidhm ag na sainmhínithe sonracha seo a leanas maidir leis na comhiomláin leictreachais agus teasa a phléitear sa chaibidil seo:

7.1.7. Difríochtaí Staidrimh

7.1.8. Trasfhoirmiú: Leictreachas na dTáirgeoirí Príomhghníomhaíochta

7.1.9. Trasfhoirmiú: Leictreachas Uath-tháirgeoirí

7.1.10. Trasfhoirmiú: Comhghiniúint cumhachta agus teasa na dTáirgeoirí Príomhghníomhaíochta

7.1.11. Trasfhoirmiú: Comhghiniúint cumhachta agus teasa Uath-tháirgeoirí

7.1.12. Trasfhoirmiú: Teas na dTáirgeoirí Príomhghníomhaíochta

7.1.13. Trasfhoirmiú: Teas Uath-tháirgeoirí

7.1.14. Trasfhoirmiú: Oibreacha gáis (agus tiontú eile chuig gáis)

7.1.15. Trasfhoirmiú: Scaglanna

7.1.16. Trasfhoirmiú: Tionscal peitriceimiceach

7.1.17. Trasfhoirmiú Nach sonraítear in aon áit eile (Trasfhoirmiú)

7.1.18. Earnáil an fhuinnimh: Mianaigh ghuail

7.1.19. Earnáil an fhuinnimh: Ola agus gás a eastóscadh

7.1.20. Earnáil an fhuinnimh: Oighinn Chóic (Fuinneamh)

7.1.21. Earnáil an fhuinnimh: Foirnéisí soinneáin (Fuinneamh)

7.1.22. Earnáil an fhuinnimh: Oibreacha gáis (Fuinneamh)

7.1.23. Earnáil an fhuinnimh: Leictreachas, comhghiniúint cumhachta agus teasa agus teas

7.1.24. Earnáil an fhuinnimh: Nach sonraítear in aon áit eile (Fuinneamh)

7.1.25. Tarchur agus caillteanais dáilte

7.1.26. Tomhaltas deiridh neamhfhuinnimh - Earnáil an tionscail: Iarann agus cruach

7.1.27. Tomhaltas deiridh neamhfhuinnimh - Earnáil an tionscail: An tionscal ceimiceach agus peitriceimiceach

7.1.28. Tomhaltas deiridh neamhfhuinnimh - Earnáil an tionscail: Miotail neamhfheiriúla

7.1.29. Tomhaltas deiridh neamhfhuinnimh - Earnáil an tionscail: Mianraí neamh-mhiotalacha

7.1.30. Tomhaltas deiridh neamhfhuinnimh - Earnáil an tionscail: Trealamh iompair

7.1.31. Tomhaltas deiridh neamhfhuinnimh - Earnáil an tionscail: Innealra

7.1.32. Tomhaltas deiridh neamhfhuinnimh - Earnáil an tionscail: Mianadóireacht agus cairéalacht

7.1.33. Tomhaltas deiridh neamhfhuinnimh - Earnáil an tionscail: Bia, deochanna agus tobac

7.1.34. Tomhaltas deiridh neamhfhuinnimh - Earnáil an tionscail: Páipéar, laíon agus clódóireacht

7.1.35. Tomhaltas deiridh neamhfhuinnimh - Earnáil an tionscail: Adhmad agus táirgí adhmaid

7.1.36. Tomhaltas deiridh neamhfhuinnimh - Earnáil an tionscail: Tógáil

7.1.37. Tomhaltas deiridh neamhfhuinnimh - Earnáil an tionscail: Teicstílí agus leathar

7.1.38. Tomhaltas deiridh neamhfhuinnimh - Earnáil an tionscail: Nach sonraítear in áit eile (Tionscal)

7.1.39. Tomhaltas deiridh neamhfhuinnimh: Earnálacha eile

7.1.40. Tomhaltas fuinnimh deiridh - Earnáil an tionscail: Iarann agus cruach

7.1.41. Tomhaltas fuinnimh deiridh - Earnáil an tionscail: An tionscal ceimiceach agus peitriceimiceach

7.1.42. Tomhaltas fuinnimh deiridh - Earnáil an tionscail: Miotail neamhfheiriúla

7.1.43. Tomhaltas fuinnimh deiridh - Earnáil an tionscail: Mianraí neamh-mhiotalacha

7.1.44. Tomhaltas fuinnimh deiridh - Earnáil an tionscail: Trealamh iompair

7.1.45. Tomhaltas fuinnimh deiridh - Earnáil an tionscail: Innealra

7.1.46. Tomhaltas fuinnimh deiridh - Earnáil an tionscail: Mianadóireacht agus cairéalacht

7.1.47. Tomhaltas fuinnimh deiridh - Earnáil an tionscail: Bia, deochanna agus tobac

7.1.48. Tomhaltas fuinnimh deiridh - Earnáil an tionscail: Páipéar, laíon agus clódóireacht

7.1.49. Tomhaltas fuinnimh deiridh - Earnáil an tionscail: Adhmad agus táirgí adhmaid

7.1.50. Tomhaltas fuinnimh deiridh - Earnáil an tionscail: Tógáil

7.1.51. Tomhaltas fuinnimh deiridh - Earnáil an tionscail: Teicstílí agus leathar

7.1.52. Tomhaltas fuinnimh deiridh - Earnáil an tionscail: Nach sonraítear in áit eile (Tionscal)

7.1.53. Tomhaltas fuinnimh deiridh - Earnáil iompair: Eitlíocht intíre

7.1.54. Tomhaltas fuinnimh deiridh - Earnáil iompair: Bóthar

7.1.55. Tomhaltas fuinnimh deiridh - Earnáil iompair: Iarnród

7.1.56. Tomhaltas fuinnimh deiridh - Earnáil iompair: Loingseoireacht intíre

7.1.57. Tomhaltas fuinnimh deiridh - Earnáil iompair: Iompar de phíblíne

7.1.58. Tomhaltas fuinnimh deiridh - Earnáil iompair: Nach sonraítear in áit eile (Iompar)

7.1.59. Earnálacha eile: Seirbhísí tráchtála agus poiblí

7.1.60. Earnálacha eile: Teaghlaigh

7.1.61. Earnálacha eile: Talmhaíocht

7.1.62. Earnálacha eile: Foraoiseacht

7.1.63. Earnálacha eile: Iascaireacht

7.1.64. Earnálacha eile: Nach sonraítear in aon áit eile (Eile)

7.2. **Cumas táirgeachta**

Ní mór toilleadh táirgthe hidrigine an 31 Nollaig den bhliain tagartha a dhearbhú agus an leibhéal céanna sonraí ann agus a bhí ann le haghaidh an táirgthe (míreanna 7.1.1.1 go dtí 7.1.1.6).

7.3. **Aonaid tomhais**

Ní mór cainníochtaí a dhearbhú in TJ (OLC) agus toilleadh táirgthe in TJ (OLC) in aghaidh na bliana.

8. **Staidreamh mionsonraithe maidir le tomhaltas fuinnimh deiridh**

Ní mór na sonraí imdhealaithe seo a leanas maidir le tomhaltas fuinnimh deiridh a dhearbhú.

8.1. **Liosta na gcomhiomlán**

8.1.1. Earnáil an tionscail

Le tuairisciú de réir na sainmhínithe a cuireadh ar fáil i Roinn 2.6.1 d'Iarscríbhinn A

8.1.1.1. Mianadóireacht agus cairéalacht

8.1.1.1.1. Mianadóireacht ar mhianraí miotail

8.1.1.1.2. Mianadóireacht agus cairéalacht eile

8.1.1.1.3. Gníomhaíochtaí tacaíochta mianadóireachta

8.1.1.2. Bia, deochanna agus tobac

8.1.1.2.1. Monarú táirgí bia

8.1.1.2.2. Monarú deochanna

8.1.1.2.3. Monarú táirgí tobac

8.1.1.3. Teicstíl agus leathar

8.1.1.4. Adhmad agus táirgí adhmaid

8.1.1.5. Laíon, páipéar agus clódóireacht

8.1.1.5.1. Monarú páipéir agus táirgí páipéir

8.1.1.5.1.1. Monarú laín

8.1.1.5.1.2. Páipéar eile agus táirgí páipéir

8.1.1.5.2. Priontáil agus atáirgeadh na meán taifeadta

8.1.1.6. An tionscal ceimiceach agus peitriceimiceach

8.1.1.6.1. Monarú ceimiceán agus táirgí ceimiceacha

8.1.1.6.2. Monarú buntáirgí cógaisíochta agus ullmhóidí cógaisíochta

8.1.1.7. Mianraí neamh-mhiotalacha

8.1.1.7.1. Monarú gloine agus táirgí gloine

8.1.1.7.2. Monarú stroighne, aoil agus plástair (lena n-áirítear Clincear)

8.1.1.7.3. Táirgí mianracha neamh-mhiotalacha eile

8.1.1.8. Iarann agus cruach [Monarú miotal bunúsach A]

8.1.1.9. Tionscal miotal neamhfheiriúil [Monarú miotal bunúsach B]

8.1.1.9.1. Táirgeadh alúmanaim

8.1.1.9.2. Tionscal miotal neamhfheiriúil eile

8.1.1.10. Innealra

8.1.1.10.1. Monarú táirgí déanta as miotal, ach amháin innealra agus trealamh miotail

8.1.1.10.2. Monarú táirgí ríomhaireachta, leictreonacha agus optúla

8.1.1.10.3. Monarú trealaimh leictrigh

8.1.1.10.4. Monarú innealra agus trealaimh nach n-aicmítear in aon áit eile

8.1.1.11. Trealamh iompair

8.1.1.12. Nach sonraítear in aon áit eile - Tionscal

8.1.1.12.1. Monarú táirgí rubair agus plaisteacha

8.1.1.12.2. Monarú troscáin

8.1.1.12.3. Monarú eile

8.1.2. An earnáil iompair
Le tuairisciú de réir na sainmhínithe a cuireadh ar fáil i Roinn 2.6.2 d'Iarscríbhinn A

8.1.2.1. Iarnród

8.1.2.1.1. Iarnród ardluais

8.1.2.1.2. Gnáthchóras iarnróid

8.1.2.1.2.1. Iompar paisinéirí de ghnáthchóras iarnróid

8.1.2.1.2.1. Iompar lastais de ghnáthchóras iarnróid

8.1.2.1.3. An meitreo agus an tram

8.1.2.2. Bóthar

8.1.2.2.1. Feithiclí tromshaothair lena n-iompraítear lastas

8.1.2.2.2. Iompar comhchoiteann

8.1.2.2.3. Gluaisteáin agus veaineanna

8.1.2.2.4. Iompar eile de bhóthar

8.1.3. Earnáil na seirbhísí tráchtála agus poiblí

Le tuairisciú de réir na sainmhínithe a cuireadh ar fáil i Roinn 2.6.3.1 d'Iarscríbhinn A

8.1.3.1. Deisiú agus suiteáil innealra agus trealaimh

8.1.3.2. Soláthar uisce; séarachas, gníomhaíochtaí bainistíochta agus leasúcháin dramhaíola

8.1.3.3. Trádáil mhórdhíola agus trádáil mhiondíola; deisiú mótarfheithiclí agus gluaisrothar

8.1.3.3.1. Trádáil mhórdhíola

8.1.3.3.2. Trádáil mhiondíola

8.1.3.4. Gníomhaíochtaí ollstórála agus tacaíochta le haghaidh iompair

8.1.3.5. Gníomhaíochtaí poist agus cúiréireachta

8.1.3.6. Gníomhaíochtaí cóiríochta agus seirbhísí bia

8.1.3.6.1. Lóistín

8.1.3.6.2. Gníomhaíochtaí seirbhíse bia

8.1.3.7. Faisnéis agus cumarsáid

8.1.3.8. Gníomhaíochtaí airgeadais agus árachais agus gníomhaíochtaí eastáit réadaigh

8.1.3.9. Gníomhaíochtaí seirbhíse riaracháin agus tacaíochta

8.1.3.10. Riarachán poiblí agus cosaint; slándáil shóisialta éigeantach

8.1.3.11. Oideachas

8.1.3.12. Gníomhaíochtaí i dtaca le sláinte an duine agus gníomhaíochtaí oibre sóisialta

8.1.3.12.1. Gníomhaíochtaí ospidéil

8.1.3.13. Na healaíona, siamsaíocht agus áineas

8.1.3.13.1. Gníomhaíochtaí spóirt

8.1.3.14. Gníomhaíochtaí eagraíochtaí agus comhlachtaí seach-chríche

8.1.3.15. Gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíocha agus teicniúla agus seirbhísí eile

8.1.3.16. Lárionaid sonraí. Is gá lárionaid sonraí le toilleadh cumhachta iomlán 1 MW nó níos mó a dhéanann aonaid tuairiscithe a stóráil (beag beann ar a gcód NACE) a dhearbhú. Is é an chéad thuairisciú éigeantach le haghaidh na míre seo an bhliain tagartha 2024.

8.1.4. Earnáil na dteaghlach

Le tuairisciú de réir na sainmhínithe a cuireadh ar fáil i Roinn 2.6.3.2 d'Iarscríbhinn A

8.1.4.1. Teaghlaigh: Téamh spáis

8.1.4.2. Teaghlaigh: Fuarú spáis

8.1.4.3. Teaghlaigh: Téamh uisce

8.1.4.4. Teaghlaigh: Cócaireacht

8.1.4.5. Teaghlaigh: Soilsiú agus fearais

Baineann sé seo le leictreachas amháin

8.1.4.6. Teaghlaigh: Úsáidí deiridh eile

8.2. **Táirgí fuinnimh is infheidhme**

Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag an mbailiú sonraí seo maidir le gach ceann de na táirgí fuinnimh seo a leanas a liostaítear in Iarscríbhinn A:

Sonróidh Eurostat liosta deiridh na dtáirgí fuinnimh ar cheart sonraí arna gcumhdach ag pointe 7 d'Iarscríbhinn B a thuairisciú sa teimpléad tuairiscithe, mar fho-thacar sonraí de na sonraí a liostaítear i bpointe 3 d'Iarscríbhinn A.

8.3. **Aonaid tomhais**

Ní mór cainníochtaí breoslaí iontaise soladacha a dhearbhú in kt (cilea-tonaí).

Ní mór cainníochtaí táirgí amhola agus peitriliam a dhearbhú in kt (cilea-tonaí).

Ní mór cainníochtaí gás nádúrtha agus gás monaraithe (gás oibreacha gáis, gás soirn cóic, gás foirnéis soinneáin, gáis ghnóthaithe eile) a dhearbhú de réir inneachar fuinnimh, in TJ OLC (teirighiúil bunaithe ar oll-luach calrach).

Ní mór leictreachas a dhearbhú in GWh (gigeavatuaireanta).

Ní mór cainníochtaí teasa a dhearbhú in TJ (teirighiúil bunaithe ar ghlanluachanna calracha).

Ní mór cainníochtaí foinsí inathnuaite agus dramhaíola a dhearbhú in TJ NCV (teirighiúil bunaithe ar ghlanluach calrach), ach amháin maidir le fioghual, bithghásailín, bitheatánól, bithcheirisín scairdeitleáin, bithdhíosal, agus bithbhreoslaí leachtacha eile, nach mór iad a dhearbhú in kt (cilea-tonaí).

Ní mór luachanna calracha le haghaidh breoslaí iontaise soladacha, táirgí amhola agus peitriliam agus foinsí inathnuaite agus dramhaíola in MJ/t (meigighiúil in aghaidh an tona).

Ní mór luachanna calracha le haghaidh gás nádúrtha agus gáis monaraithe a dhearbhú in $kJ/m^3$, ag glacadh leis go mbeidh coinníollacha gáis tagartha (15 °C, 101 325 Pa) ann.

Le haghaidh táirgí fuinnimh eile a bhfuil tuairisciú de dhíth ina leith, sainmhínítear na haonaid is infheidhme sna caibidlí ábhartha den iarscríbhinn seo.

8.4. **An spriocdháta maidir le sonraí a tharchur:**

Ba cheart sonraí a chur isteach faoin 31 Márta den dara bliain tar éis na bliana tuairiscithe.

8.5. **Díolúintí**

Tá an Chipir díolmhaithe ó thomhaltas fuinnimh deiridh imdhealaithe táirgí amhola agus peitriliam (mar a shainítear i Roinn 3.4 d'Iarscríbhinn A) a thuairisciú i gcás gach comhiomlán arna chumhdach le Roinn 8.1.4 den iarscríbhinn seo (Teaghlaigh).

9. **RÉAMHSHONRAÍ BLIANTÚLA**

9.1. **Táirgí fuinnimh is infheidhme**

Beidh feidhm ag an mbailiú sonraí seo maidir le gach ceann de na táirgí a thuairiscítear i Ranna 1.1., 2.1., 3.1., 4.1. agus 5.1. den Iarscríbhinn seo.

9.2. **Liosta na gcomhiomlán**

Ní mór liosta na gcomhiomlán seo a leanas a dhearbhú:

9.2.1. I gcás breoslaí iontaise soladacha agus gáis mhonaraithe: 1.2.1.1., 1.2.1.2., 1.2.1.6., 1.2.1.7., 1.2.1.8., 1.2.1.9. mar a shainmhínítear i gCaibidil 1 den Iarscríbhinn seo.

9.2.2. I gcás gás nádúrtha: 2.2.1.1., 2.2.1.2., 2.2.1.3., 2.2.1.4., 2.2.1.5., 2.2.1.6. mar a shainmhínítear i gCaibidil 2 den Iarscríbhinn seo.

9.2.3 . I gcás leictreachais agus teasa: olltáirgeadh de réir an táirge le haghaidh gach táirge aonair, féinúsáid, iomlán tarchuir agus caillteanais dáilte (3.2.3. agus 3.2.4.) agus 3.2.2.3., 3.2.2.4, 3.2.2.5, 3.2.2.6., 3.2.2.7., 3.2.2.8., 3.2.2.9. faoi mar a shainmhínítear i gCaibidil 3 den iarscríbhinn seo.

9.2.4. I gcás táirgí ola agus peitriliam: 4.2.1.1., 4.2.1.2., 4.2.1.3., 4.2.1.4., 4.2.1.5., 4.2.1.6., 4.2.1.7., 4.2.1.8., 4.2.1.9., 4.2.1.10., 4.2.2.1., 4.2.2.2., 4.2.2.3., 4.2.2.4., 4.2.2.5., 4.2.2.6., 4.2.2.7., 4.2.2.8., 4.2.2.9., 4.2.2.10. mar a shainmhínítear i gCaibidil 4 den Iarscríbhinn seo.

9.2.5. I gcás fuinneamh inathnuaite agus fuinneamh ó dhramhaíl: 5.2.2.1., 5.2.2.2., 5.2.2.3., 5.2.2.4., 5.2.10.1., 5.2.10.2., 5.2.10.3., 5.2.10.8., 5.2.10.9. mar a shainmhínítear i gCaibidil 5 den Iarscríbhinn seo.

9.3. **Aonaid tomhais**

Ní mór cainníochtaí a dhearbhú in aonaid a shainítear i Ranna 1.3., 2.3., 3.3., 4.3. agus 5.3. den iarscríbhinn seo.

9.4. **An spriocdháta maidir le sonraí a tharchur**

Ba cheart sonraí a chur isteach faoin 31 Bealtaine den bhliain tar éis na bliana tuairiscithe.

*IARSCRÍBHINN C*

**STAIDREAMH MÍOSÚIL FUINNIMH**

Tugann an iarscríbhinn seo tuairisc ar an raon, ar na haonaid, ar an tréimhse thuairiscithe, ar an minicíocht agus ar na socruithe tarchuir i ndáil le staidreamh fuinnimh a bhailiú go míosúil.

In Iarscríbhinn A tabharfar míniú ar théarmaí nár míníodh san Iarscríbhinn seo.

Tá feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le gach bailiú sonraí mar a shonraítear san Iarscríbhinn seo:

a) Tréimhse thuairiscithe: Is é mí féilire amháin an tréimhse thuairiscithe maidir leis na sonraí dearbhaithe.

b) Minicíocht: Ba cheart sonraí a dhearbhú ar bhonn míosúil.

c) Formáid an tarchuir: Ba cheart formáid an tarchuir a bheith i gcomhréir leis an gcaighdeán idirmhalartaithe ábhartha a shonróidh Eurostat.

d) Modh tarchuir: Ba cheart sonraí a chur isteach chuig an bpointe iontrála aonair i gcás sonraí ag Eurostat nó ba cheart na sonraí sin a uaslódáil chuig an bpointe sin ar mhodh leictreonach.

1. **BREOSLAÍ SOLADACHA**

1.1. **Táirgí fuinnimh is infheidhme**

Cuimsíonn an chaibidil seo tuairisciú an mhéid seo a leanas:

1.1.1. Gual crua

1.1.2. Gual donn

1.1.3. Móin

1.1.4. Scealla ola agus gainimh ola

1.1.5. Cóc oighinn chóic

1.2. **Liosta na gcomhiomlán**

1.2.1. Ní mór na comhiomláin seo a leanas a dhearbhú le haghaidh gual crua:

1.2.1.1. Táirgeadh

1.2.1.2. Táirgí gnóthaithe

1.2.1.3. Allmhairí

1.2.1.4. Allmhairí ó lasmuigh den Aontas

1.2.1.5. Onnmhairí

1.2.1.6. Stoic iomlána tosaigh ar chríoch náisiúnta

Is iad seo na cainníochtaí arna sealbhú ag mianaigh, allmhaireoirí agus tomhaltóirí a allmhairíonn go díreach.

1.2.1.7. Stoic iomlána deiridh ar chríoch náisiúnta

Is iad seo na cainníochtaí arna sealbhú ag mianaigh, allmhaireoirí agus tomhaltóirí a allmhairíonn go díreach.

1.2.1.8. Seachadtaí chuig táirgeoirí príomhghníomhaíochta

1.2.1.9. Seachadtaí chuig gléasraí cóic

1.2.1.10. Seachadtaí chuig an tionscal iomlán

1.2.1.11. Seachadtaí chuig an tionscal iarainn agus cruach

1.2.1.12. Seachadtaí eile (seirbhísí, teaghlaigh, etc.) Méid an ghuail chrua a seachadadh chuig earnálacha nach luaitear go sonrach nó nach bhfuil baint acu le trasfhoirmiú, fuinneamh, tionscal nó iompar.

1.2.2. Ní mór na comhiomláin seo a leanas a dhearbhú le haghaidh gual donn, móna agus sceall ola agus gainimh ola:

1.2.2.1. Táirgeadh

1.2.2.2. Allmhairí

1.2.2.3. Onnmhairí

1.2.2.4. Stoic iomlána tosaigh ar chríoch náisiúnta

Is iad seo na cainníochtaí arna sealbhú ag mianaigh, allmhaireoirí agus tomhaltóirí a allmhairíonn go díreach.

1.2.2.5. Stoic iomlána deiridh ar chríoch náisiúnta

Is iad seo na cainníochtaí arna sealbhú ag mianaigh, allmhaireoirí agus tomhaltóirí a allmhairíonn go díreach.

1.2.2.6. I gcás móna, is féidir athruithe ar stoic a dhearbhú in ionad stoic tosaigh agus deiridh.

1.2.2.7. Seachadtaí chuig táirgeoirí príomhghníomhaíochta

1.2.3. Ní mór na comhiomláin seo a leanas a dhearbhú le haghaidh cóc oighinn chóic:

1.2.3.1. Táirgeadh

1.2.3.3. Allmhairí

1.2.3.4. Allmhairí ó lasmuigh den Aontas

1.2.3.5. Onnmhairí

1.2.3.6. Stoic iomlána tosaigh ar chríoch náisiúnta

Is iad seo na cainníochtaí arna sealbhú ag táirgeoirí, allmhaireoirí agus tomhaltóirí a allmhairíonn go díreach.

1.2.3.7. Stoic iomlána deiridh ar chríoch náisiúnta

Is iad seo na cainníochtaí arna sealbhú ag táirgeoirí, allmhaireoirí agus tomhaltóirí a allmhairíonn go díreach.

1.2.3.8. Seachadtaí chuig an tionscal iarainn agus cruach

1.3. **Aonaid tomhais**

Ní mór na cainníochtaí tuairiscithe a dhearbhú in kt (cilea-tonaí).

1.4. **An spriocdháta maidir le sonraí a tharchur**

Laistigh de 2 mhí féilire tar éis na míosa tuairiscithe.

2. **LEICTREACHAS**

2.1. **Táirgí fuinnimh is infheidhme**

Cuimsíonn an chaibidil seo tuairisciú leictreachais.

2.2. **Liosta na gcomhiomlán**

Ní mór na comhiomláin seo a leanas a dhearbhú le haghaidh leictreachais:

2.2.1. Glantáirgeadh leictreachais ó ghléasraí núicléacha

2.2.2. Glantáirgeadh leictreachais ó ghiniúint fuinnimh theirmigh thraidisiúnta ag baint úsáid as gual

2.2.3. Glantáirgeadh leictreachais ó ghiniúint fuinnimh theirmigh thraidisiúnta ag baint úsáid as ola

2.2.4. Glantáirgeadh leictreachais ó ghiniúint fuinnimh theirmigh thraidisiúnta ag baint úsáid as gás

2.2.5. Glantáirgeadh leictreachais ó ghiniúint fuinnimh theirmigh thraidisiúnta ag baint úsáid as foinsí inathnuaite indóite (amhail bithbhreoslaí soladacha, bithgháis, bithbhreoslaí leachtacha, dramhaíl chathrach inathnuaite)

2.2.6. Glantáirgeadh leictreachais ó ghiniúint fuinnimh theirmigh thraidisiúnta ag baint úsáid as breoslaí indóite neamh-inathnuaite (amhail dramhaíl thionsclaíoch neamh-inathnuaite agus dramhaíl chathrach neamh-inathnuaite)

2.2.7. Glantáirgeadh leictreachais ó ghléasraí glan-hidreafhuinnimh

2.2.8. Glantáirgeadh leictreachais ó ghléasraí hidreafhuinnimh mheasctha

2.2.9. Glantáirgeadh leictreachais ó ghléasraí taisce pumpála hidrileictreacha íona

2.2.10. Glantáirgeadh leictreachais ó fhearais ghaoithe cósta

2.2.11. Glantáirgeadh leictreachais ó fhearais ghaoithe amach ón gcósta

2.2.12. Glantáirgeadh leictreachais ó fhearais ghrianfhuinnimh fhótavoltaigh

2.2.13. Glantáirgeadh leictreachais ó fhearais ghrianfhuinnimh theirmigh

2.2.14. Glantáirgeadh leictreachais ó ghiniúint fuinnimh gheoiteirmeaigh

2.2.15. Glantáirgeadh leictreachais ó fhoinsí inathnuaite eile (amhail fuinneamh taoide, tonnfhuinneamh, fuinneamh farraige agus foinsí eile inathnuaite neamh-indóite)

2.2.16. Glantáirgeadh leictreachais ó fhoinse nach sonraítear

2.2.17. Allmhairí

2.2.17.1. Lena n-áirítear ón Aontas

2.2.18. Onnmhairí

2.2.18.1. Lena n-áirítear chuig an Aontas

2.2.19. Leictreachas a mbaintear úsáid as le haghaidh taisce pumpála

2.3. **Aonaid tomhais**

Ní mór cainníochtaí tuairiscithe a dhearbhú in GWh (gigeavatuaireanta).

2.4. **An spriocdháta maidir le sonraí a tharchur**

Laistigh de dhá mhí féilire tar éis na míosa tuairiscithe.

3. **OLA AGUS TÁIRGÍ PEITRILIAM**

3.1. **Táirgí fuinnimh is infheidhme**

Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag an mbailiú sonraí seo maidir le gach ceann de na táirgí fuinnimh a liostaítear in Iarscríbhinn A, Caibidil 3.4. OLA (táirgí amhola agus peitriliam).

Folaítear leis an aicme 'Táirgí Eile' na cainníochtaí a fhreagraíonn don sainmhíniú i gCaibidil 3.4 d'Iarscríbhinn A) agus na cainníochtaí de bhiotáille bhán agus FPS, de bhealaí, de bhiotúman agus de chéireacha pairifín; níor cheart na táirgí seo a dhearbhú ar leithligh.

3.2. **Liosta na gcomhiomlán**

Ní mór na comhiomláin seo a leanas a dhearbhú le haghaidh na dtáirgí fuinnimh go léir a liostaítear sa mhír roimhe seo mura sonraítear a mhalairt.

3.2.1. SOLÁTHAR AMHOLA, GNL, STOIC CHOTHAITHE SCAGLAINNE, BREISEÁIN AGUS HIDREACARBÓIN EILE

Nóta le haghaidh breiseáin agus bithbhreoslaí: folaítear anseo ní hamháin méideanna atá cumaiscthe cheana, ach na cainníochtaí uile atá ceaptha lena gcumasc freisin.

Ní mór na comhiomláin seo a leanas a dhearbhú le haghaidh amhola, GNL, stoic chothaithe scaglainne, breiseáin/ocsaigionáití, bithbhreoslaí agus hidreacarbóin eile:

3.2.1.1. Táirgeadh Dúchais (neamh-infheidhme maidir le stoic chothaithe scaglainne agus le bithbhreoslaí).

3.2.1.2. Fáltais ó fhoinsí eile (neamh-infheidhme maidir le hamhola, GNL, stoic chothaithe scaglainne)

3.2.1.3. Cúlsreabha

Táirgí críochnaithe nó leathchríochnaithe a aischuireann tomhaltóirí deiridh chuig scaglanna lena bpróiseáil, lena gcumasc nó lena ndíol. Is fotháirgí de mhonarú peitriceimiceach iad de ghnáth. Nach bhfuil infheidhme ach amháin maidir le stoic chothaithe scaglainne.

3.2.1.4. Táirgí aistrithe

Táirgí peitriliam allmhairithe a dhéanfar a athaicmiú mar stoic chothaithe lena bpróiseáil tuilleadh sa scaglann, agus nach ndéanfar a sheachadadh chuig tomhaltóirí deiridh. Nach bhfuil infheidhme ach amháin maidir le stoic chothaithe scaglainne.

3.2.1.5. Allmhairí

3.2.1.6. Onnmhairí

Nóta le haghaidh allmhairiú agus onnmhairiú: Folaítear cainníochtaí amhola agus táirgí arna n-allmhairiú nó arna n-onnmhairiú faoi chomhaontuithe próiseála (i.e. scagadh ar chuntas). Ba chóir amhola agus GNL a thuairisciú mar chainníochtaí a tháinig ón tír thionscnaimh faoi dheoidh; ba chóir stoic chothaithe scaglainne agus táirgí críochnaithe a thuairisciú mar stoic agus mar tháirgí a tháinig ó thír an choinsínithe deiridh. Folaítear aon leacht gáis (e.g. GPL) a eastósctar le linn athghásúchán a dhéanamh ar ghás nádúrtha leachtaithe allmhairithe agus táirgí peitriliam a allmhairíonn nó a onnmhairíonn an earnáil pheitriceimiceach go díreach.

3.2.1.7. Úsáid dhíreach

3.2.1.8. Athruithe ar stoic

Taispeántar tógáil stoc mar uimhir dheimhneach agus taispeántar tarraingt stoc mar uimhir dhiúltach.

3.2.1.9. Iontógáil scaglainne bhreathnaithe

Sainmhínítear é seo mar mhéid iomlán na hola (lena n-áirítear hidreacarbóin eile agus breiseáin) breathnaithe a tháinig isteach sa phróiseas scaglainne (ionchur i scaglanna).

3.2.1.10. Caillteanais scaglainne

An difríocht idir iontógáil scaglainne bhreathnaithe agus oll-aschur scaglainne. Féadfaidh caillteanais a bheith ann i rith próiseas driogtha mar gheall ar ghalú. Beidh caillteanais thuairiscithe deimhneach. Féadfaidh gnóchain thoirtmhéadracha a bheith ann ach ní fhéadfaidh gnóchain i mais a bheith ann.

3.2.2. SOLÁTHAR TÁIRGÍ CRÍOCHNAITHE

Ní mór na comhiomláin seo a leanas a dhearbhú le haghaidh Amhola, GNL, Gáis scaglainne, Eatáin, GPL, Nafta, Bithghásailín, Neamh-bhithghásailín, Gásailín eitlíochta, Scaird-bhreosla den chineál gásailíneach, Bithcheirisín scairdeitleáin, Neamh-bithcheirisín scairdeitleáin, Ceirisín eile, Bithdhíosail, Gás neamh-bhitheolaíoch/ola dhíosail, Ola bhreosla ina bhfuil leibhéal íseal sulfair, Ola bhreosla ina bhfuil ardleibhéal sulfair, Cóc peitriliam, agus Táirgí eile:

3.2.2.1. Fáltais táirgí príomhúla

3.2.2.2. Oll-aschur scaglainne (neamh-infheidhme maidir le hamhola agus GNL)

3.2.2.3. Táirgí athchúrsáilte (neamh-infheidhme maidir le hamhola agus GNL)

3.2.2.4. Breosla Scaglainne (neamh-infheidhme maidir le hamhola agus GNL)

Iarscríbhinn A Caibidil 2.3 Earnáil an fhuinnimh - Scaglanna peitriliam; Folaítear breoslaí a mbaintear úsáid astu sna scaglanna chun leictreachas agus teas arna dhíol a tháirgeadh.

3.2.2.5. Allmhairí (neamh-infheidhme maidir le hamhola, le GNL agus le gás scaglainne)

3.2.2.6. Onnmhairí (neamh-infheidhme maidir le hamhola, le GNL agus le gás scaglainne)

Tá feidhm ag an nóta a bhaineann le hallmhairí agus le honnmhairí i Roinn 3.2.1. anseo freisin.

3.2.2.7. Umair Mhuirí Idirnáisiúnta (neamh-infheidhme maidir le hamhola agus GNL)

3.2.2.8. Aistrithe idir-tháirgí

3.2.2.9. Táirgí aistrithe (neamh-infheidhme maidir le hamhola agus GNL)

3.2.2.10. Athruithe ar stoic (neamh-infheidhme maidir le hamhola, le GNL agus le gás scaglainne)

Taispeántar tógáil stoc mar uimhir dheimhneach agus taispeántar tarraingt stoc mar uimhir dhiúltach.

3.2.2.11. Ollseachadtaí intíre ríofa breathnaithe

Seachadadh breathnaithe táirgí peitriliam críochnaithe ó fhoinsí príomhúla (e.g. scaglanna, gléasraí cumaiscthe, etc.) chuig an margadh intíre.

3.2.2.11.1. Eitlíocht idirnáisiúnta (infheidhme maidir le Gásailín eitlíochta, Scaird-bhreosla den chineál gásailíneach, Bithcheirisín scairdeitleáin, Neamh-bithcheirisín scairdeitleáin)

3.2.2.11.2. Gléasraí cumhachta na dtáirgeoirí príomhghníomhaíochta

3.2.2.11.3. Bóthar (níl sé infheidhme ach amháin maidir le GPL)

3.2.2.11.4. Loingseoireacht intíre agus Iarnród (níl sé infheidhme ach amháin maidir le Bithdhíosail, Gás neamh-bhitheolaíoch/ola dhíosail)

3.2.2.12. Peitriceimiceach

3.2.2.13. Cúlsreabha chuig scaglanna (neamh-infheidhme maidir le hamhola agus GNL)

3.2.3. ALLMHAIRÍ DE RÉIR ÁIT TIONSCNAIMH — ONNMHAIRÍ DE RÉIR CEANN SCRÍBE

Ba cheart allmhairí a thuairisciú de réir tír tionscnaimh, agus onnmhairí de réir tír cinn scríbe. Tá feidhm ag an nóta a bhaineann le hallmhairí agus le honnmhairí i Roinn 3.2.1. anseo freisin.

3.2.4. LEIBHÉIL STOIC

Ní mór na stoic tosaigh agus deiridh seo a leanas a dhearbhú maidir leis na táirgí fuinnimh go léir, lena n-áirítear maidir le breiseáin/ocsaigionáití ach seachas gás scaglainne:

3.2.4.1. Stoic ar chríoch náisiúnta

Stoic sna láithreacha seo a leanas: umair scaglainne, bulc-chríochfoirt, umar píblíne, báirsí agus tancaeir cósta (i gcás ina mbeidh an calafort imeachta agus cinn scríbe sa tír chéanna), tancaeir i gcalafort balltíre (i gcás ina ndéanfar a lasta a dhíluchtú ag an gcalafort), umair long intíre. Ní fholaítear stoic ola arna sealbhú i bpíblínte, i gcarranna umar iarnróid, i gcarranna umar trucaile, in umair long farraige, i stáisiúin seirbhíse, i siopaí miondíola agus in umair ar farraige.

3.2.4.2. Stoic arna sealbhú le haghaidh tíortha eile faoi chomhaontuithe déthaobhacha rialtais.

Stoic ar chríoch náisiúnta de chuid tír eile agus a bhfuil rochtain orthu ráthaithe ag comhaontú idir na rialtais faoi seach.

3.2.4.3. Stoic a bhfuil ceann scríbe eachtrach acu

Stoic nach bhfuil ar áireamh i bpointe 3.2.4.2 maidir le críoch náisiúnta agus a bhaineann le tír eile agus a chuirfear chuig tír eile. Beidh na stoic seo laistigh nó lasmuigh de limistéir faoi bhanna.

3.2.4.4. Stoic eile arna sealbhú i limistéir faoi bhanna

Folaítear stoic nach bhfuil ar áireamh i bpointe 3.2.4.2 nó 3.2.4.3 is cuma cé acu atá nó nach bhfuil imréiteach custam faighte acu.

3.2.4.5. Stoic arna sealbhú ag mórthomhaltóirí

Folaítear stoic atá faoi réir rialú rialtais. Ní fholaíonn an sainmhíniú seo stoic thomhaltóirí eile.

3.2.4.6. Stoic arna sealbhú ar bord soithí farraige ag teacht isteach i gcalafort nó i bhfeistiú

Stoic is cuma cé acu atá nó nach bhfuil imréiteach custam faighte acu. Ní fholaíonn an aicme seo stoic ar bord soithí ar an mórmhuir.

Folaítear ola i dtancaeir cósta i gcás ina mbeidh a gcalafort imeachta agus cinn scríbe sa tír chéanna. Maidir le soithí ag teacht isteach a mbeidh níos mó ná calafort díluchtaithe amháin acu, ná tabhair tuairisc ach ar an méid a dhéanfar a dhíluchtú sa tír thuairiscithe.

3.2.4.7. Stoic arna sealbhú ag rialtas ar chríoch náisiúnta

Folaítear stoic neamh-mhíleata arna sealbhú ag an rialtas laistigh den chríoch náisiúnta, agus a bheidh faoi úinéireacht nó á rialú agus á sealbhú ag an rialtas chun críocha éigeandála amháin.

Ní fholaítear stoic arna sealbhú ag cuideachtaí ola stáit nó fóntais leictreacha nó stoic arna sealbhú go díreach ag cuideachtaí ola thar ceann rialtas.

3.2.4.8. Stoic arna sealbhú ag eagraíocht stocshealbhaíochta ar chríoch náisiúnta

Stoic arna sealbhú ag corparáidí poiblí agus príobháideacha, ar corparáidí iad a bunaíodh chun stoic atá ann chun críocha éigeandála amháin a chothabháil.

Ní fholaítear stoic éigeantacha arna sealbhú ag cuideachtaí príobháideacha.

3.2.4.9. Gach stoc eile arna shealbhú ar chríoch náisiúnta

Gach stoc eile a chomhlíonann na coinníollacha a thuairiscítear i bpointe 3.2.4.1 thuas.

3.2.4.10. Stoic arna sealbhú thar lear faoi chomhaontuithe déthaobhacha rialtais

Stoic de chuid na tíre tuairiscithe ach atá á sealbhú i dtír eile, agus a bhfuil rochtain orthu ráthaithe ag comhaontú idir na rialtais faoi seach.

3.2.4.10.1. Mar atá: Stoic rialtais

3.2.4.10.2. Mar atá: Stoic eagraíochta sealbhaíochta

3.2.4.10.3. Mar atá: Stoic eile

3.2.4.11. Stoic arna sealbhú thar lear agus arna n-ainmniú mar stoic a allmhaireofar

Stoic de chuid an stáit thuairiscithe nach bhfolaítear in aicme 10 ach atá á sealbhú i stát eile agus ag fanacht ar allmhairiú ansin.

3.2.4.12. Stoic eile arna sealbhú i limistéir faoi bhanna

Stoic eile sa chríoch náisiúnta nach bhfuil ar áireamh sna haicmí thuas.

3.2.4.13. Líonadh píblíne

Ola (amhola agus táirgí peitriliam) i bpíblínte a bheidh ag teastáil chun sreabhadh sna píblínte a chothabháil.

Ina theannta sin, ní mór miondealú ar chainníochtaí de réir na tíre comhfhreagraí a dhearbhú maidir leo seo a leanas:

3.2.4.13.1. stoic deiridh arna sealbhú ar son tíortha eile faoi chomhaontú oifigiúil, de réir tairbhí,

3.2.4.13.2. stoic deiridh arna sealbhú ar son tíortha eile faoi chomhaontú oifigiúil, i seilbh mar thicéid stoic, de réir tairbhí,

3.2.4.13.3. stoic deiridh eile a bhfuil ceann scríbe coigríche acu, de réir tairbhí,

3.2.4.13.4. stoic deiridh arna sealbhú ar an gcoigríoch faoi chomhaontú oifigiúil, de réir suímh,

3.2.4.13.5. stoic deiridh arna sealbhú ar an gcoigríoch faoi chomhaontú oifigiúil, i seilbh mar thicéid stoic, de réir suímh,

3.2.4.13.6. stoic deiridh arna sealbhú ar an gcoigríoch agus atá ainmnithe go deimhnitheach mar stoic a allmhaireofar isteach i dtír an dearbhóra, de réir suímh.

Ciallaíonn 'stoic tosaigh' na stoic a bheidh ann an lá deireanach den mhí díreach roimh an mí thuairiscithe. Ciallaíonn 'stoic deiridh' na stoic a bheidh ann an lá deireanach den mhí thuairiscithe.

3.3. **Aonaid tomhais**

Ní mór na cainníochtaí tuairiscithe a dhearbhú in kt (cilea-tonaí).

3.4. **An spriocdháta maidir le sonraí a tharchur**

Laistigh de 55 lá tar éis na míosa tuairiscithe.

3.5. **Nótaí geografacha**

Chun staidreamh a thuairisciú, agus chuige sin amháin, beidh feidhm ag soiléirithe i gCaibidil 1 d'Iarscríbhinn A ach an eisceacht seo a leanas a bheith ann: Cuimsítear leis an Eilvéis Lichtinstéin

4. **GÁS NÁDÚRTHA**

4.1. **Táirgí fuinnimh is infheidhme**

Cuimsíonn an chaibidil seo tuairisciú gáis nádúrtha.

4.2. **Liosta na gcomhiomlán**

Ní mór na comhiomláin seo a leanas a dhearbhú le haghaidh gás nádúrtha:

4.2.1. Táirgeadh dúchais

Gach táirgeadh inmhargaidh tirim laistigh de theorainneacha náisiúnta, lena n-áirítear táirgeadh amach ón gcósta. Déanfar táirgeadh a thomhas tar éis an íonúcháin agus tar éis GNL agus sulfar a eastóscadh. Ní fholaíonn sé caillteanais eastósctha nó cainníochtaí a chuirtear ar ais isteach, a scaoiltear nó a bhrúchtaítear. Folaítear cainníochtaí a mbaintear úsáid astu i dtionscal an gháis nádúrtha, in eastóscadh gáis, i gcórais phíblíne agus i ngléasraí próiseála.

4.2.2. Allmhairí (Iontrálacha)

4.2.3. Onnmhairí (Imeachtaí)

Nóta le haghaidh allmhairiú agus onnmhairiú: Gach méid gáis nádúrtha a thrasnaigh teorainneacha náisiúnta na tíre go fisiceach a thuairisciú, cé acu a bheidh imréiteach custam déanta nó nach mbeidh. Folaítear leis sin cainníochtaí faoi bhealach i do thír; ba cheart méideanna idirthurais a fholú mar allmhairiú agus mar onnmhairiú. Ba cheart go gcumhdófaí allmhairí gáis nádúrtha leachtaithe a gcoibhéis inmhargaidh thirim, lena n-áirítear méideanna a mbaintear úsáid astu le haghaidh tomhaltas dílis sa phróiseas athghásaithe. Ba cheart na méideanna a mbaintear úsáid astu le haghaidh tomhaltas dílis le linn athghásaithe a thuairisciú faoi Fhéinúsáid agus caillteanais thionscal an gháis nádúrtha (féach 4.2.11). Ba cheart aon leacht gáis (e.g. GPL) a eastóscadh le linn phróiseas athghásaithe GNL a allmhairíodh a thuairisciú faoi 'Fáltais ó fhoinsí eile' de "Hidreacarbóin eile' mar a shainmhínítear i gCaibidil 3 den iarscríbhinn seo (TÁIRGÍ OLA AGUS PEITRILIAM).

4.2.4. Athruithe ar stoic

Taispeántar tógáil stoc mar uimhir dheimhneach agus taispeántar tarraingt stoc mar uimhir dhiúltach.

4.2.5. Ollseachadtaí intíre ríofa breathnaithe

Léirítear sa chatagóir seo seachadtaí gáis inmhargaidh chuig an margadh intíre, lena n-áirítear gás a mbaintear úsáid as i dtionscal an gháis chun a threalamh a théamh agus a oibriú (i.e. tomhaltas in eastóscadh gáis, sa chóras píblíne agus i ngléasraí próiseála); ba cheart caillteanais tarchuir agus dáileacháin a fholú freisin.

4.2.6. Leibhéil tosaigh stoc arna sealbhú ar chríoch náisiúnta

4.2.8. Leibhéil deiridh stoc arna sealbhú ar chríoch náisiúnta

4.2.9. Leibhéil tosaigh stoc arna sealbhú ar an gcoigríoch

4.2.10. Leibhéil deiridh stoc arna sealbhú ar an gcoigríoch

Nóta le haghaidh leibhéil stoic: folaíonn sé sin gás nádúrtha atá á stóráil i bhfoirm ghásach agus i bhfoirm leachtach.

4.2.11. Féinúsáid agus caillteanais thionscal an gháis nádúrtha

Cainníochtaí a mbaintear úsáid astu i dtionscal an gháis chun a threalamh a théamh agus a oibriú (i.e. tomhaltas in eastóscadh gáis, sa chóras píblíne agus i ngléasraí próiseála); folaíonn sé sin caillteanais tarchuir agus dáileacháin.

4.2.12. Allmhairí (iontrálacha) de réir áit tionscnaimh agus onnmhairí (imeachtaí) de réir ceann scríbe

Ba cheart allmhairí (iontrálacha) a thuairisciú de réir tír tionscnaimh, agus onnmhairí (imeachtaí) de réir tír cinn scríbe. Tá feidhm ag an nóta a bhaineann le hallmhairí agus le honnmhairí i roinn 4.2.3. anseo freisin. Níl allmhairí agus onnmhairí le dearbhú ach amháin le haghaidh na tíre comharsanaí nó na tíre a bhfuil cónasc píblíne díreach aici nó, i gcás GNL, le haghaidh na tíre ina luchtaítear an gás ar long iompair.

4.2.13. Seachadtaí chuig giniúint fuinneamh

4.3. **Aonaid tomhais**

Ní mór cainníochtaí a dhearbhú in dhá aonad:

4.3.1. i gcainníocht fhisiceach, i milliún $m^3$ (milliún méadar ciúbach) ag glacadh leis go mbeidh coinníollacha gáis tagartha (15 °C, 101 325 Pa) ann,

4.3.2. i gcion fuinnimh, in TJ (teirighiúil), bunaithe ar an oll-luach calrach.

4.4. **An spriocdháta maidir le sonraí a tharchur**

Laistigh de 55 lá tar éis na míosa tuairiscithe.

*IARSCRÍBHINN D*

**STAIDREAMH MÍOSÚIL GEARRTHÉARMACH**

Tugann an iarscríbhinn seo tuairisc ar an raon, ar na haonaid, ar an tréimhse thuairiscithe, ar an minicíocht agus ar na socruithe tarchuir maidir le bailiú míosúil gearrthéarmach sonraí staidrimh.

In Iarscríbhinn A tabharfar míniú ar théarmaí nár míníodh san Iarscríbhinn seo.

Tá feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le gach bailiú sonraí mar a shonraítear san iarscríbhinn seo:

a) Tréimhse thuairiscithe: Is é mí féilire amháin an tréimhse thuairiscithe maidir leis na sonraí dearbhaithe.

b) Minicíocht: Ba cheart sonraí a dhearbhú ar bhonn míosúil.

c) Formáid an tarchuir: Ba cheart formáid an tarchuir a bheith i gcomhréir leis an gcaighdeán idirmhalartaithe ábhartha a shonróidh Eurostat.

d) Modh an tarchuir: Ba cheart go gcuirfí sonraí isteach chuig pointe iontrála aonair do shonraí ag Eurostat nó ba cheart na sonraí sin a uaslódáil chuig an bpointe sin ar mhodh leictreonach.

1. **Allmhairí agus soláthar amhola**

1.1. **Táirgí fuinnimh is infheidhme**

Cuimsíonn an chaibidil seo tuairisciú amhola.

1.2 **. Sainmhínithe**

1.2.1. Allmhairí

Cuimsíonn allmhairí gach cainníocht amhola a thagann isteach i gcríoch custaim an Bhallstáit nó a thagann ó Bhallstát eile chun críoch eile seachas idirthuras. Ní mór amhola a mbaintear úsáid aisti le haghaidh stoc-charnadh a fholú.

Ba cheart ola a eastóscadh ó ghrinneall na farraige ar a bhfeidhmíonn Ballstát cearta eisiacha chun saothrú a dhéanamh agus a thagann isteach i gcríoch custaim an Chomhphobail a eisiamh ó allmhairí.

1.2.2. Soláthar

Cuimsíonn soláthar an amhola a allmhairítear agus an amhola a tháirgtear sa Bhallstát le linn na tréimhse tagartha. Eisiatar soláthar amhola ó stoic a carnadh roimhe seo.

1.2.3. Praghas CAL

Folaítear le praghas CAL (costas, árachas agus lastas) an praghas SAB (saor ar bord), is é sin an praghas arna shonrasc go hiarbhír ag an gcalafort/ionad luchtaithe anuas ar chostas an iompair, an árachais agus na muirear a bhaineann le hoibríochtaí aistrithe amhola.

Beidh praghas CAL na hamhola a tháirgtear i mBallstát le ríomh saor in aisce ag an gcalafort scaoilte nó saor in aisce ag an teorainn, i.e. tráth a thiocfaidh amhola faoi dhlínse chustaim na tíre allmhairíochta.

1.2.4. Sainmheáchan API

Is tomhas é sainmheáchan API ar cé chomh trom/éadrom agus atá amhola i gcomparáid le huisce. Tá sainmheáchan API le tuairisciú de réir na foirmle seo a leanas, maidir le sainmheáchan (SG): $API = (141{,}5 \div SG) - 131{,}5$)

1.3. **Liosta na gcomhiomlán**

1.3.1. Ní mór liosta na gcomhiomlán seo a leanas a dhearbhú le haghaidh allmhairí amhola roinnte de réir cineál agus limistéar geografach táirgeachta:

1.3.1.1. sonrú na hamhola

1.3.1.2. meán-shainmheáchan API

1.3.1.3. an meánchion sulfair

1.3.1.4. an méid iomlán a allmhairíodh

1.3.1.5. praghas iomlán CAL

1.3.1.6. líon na n-eintiteas tuairiscithe.

1.3.2. Ní mór liosta na gcomhiomlán seo a leanas a dhearbhú le haghaidh soláthar amhola:

1.3.2.1. an méid a soláthraíodh

1.3.2.2. meánphraghas ualaithe CAL

1.4. **Aonaid tomhais**

— bbl (bairille) le haghaidh 2.3.1.4. agus 2.3.2.1.

— kt (míle tona) le haghaidh 2.3.2.1.

— % (céatadán) le haghaidh 2.3.1.3.

— ° (céim) le haghaidh 2.3.1.2.

— $ (dollar na Stát Aontaithe) in aghaidh gach bairille le haghaidh 2.3.1.5 agus 2.3.2.2.

— $ (dollar na Stát Aontaithe) in aghaidh gach tona le haghaidh 2.3.2.2.

1.5. **Forálacha infheidhme**

1. Tréimhse thuairiscithe:

   Mí amháin féilire.

2. Minicíocht

   Míosúil.

3. An spriocdháta maidir le sonraí a tharchur:

   Laistigh de mhí amháin féilire tar éis na míosa tuairiscithe.

4 . Formáid an tarchuir:

   Ba cheart formáid an tarchuir a bheith i gcomhréir leis an gcaighdeán idirmhalartaithe ábhartha a shonróidh Eurostat.

5. Modh an tarchuir:

   Ba cheart sonraí a chur isteach chuig pointe iontrála aonair le haghaidh tarchur sonraí Eurostat nó ba cheart na sonraí sin a uaslódáil chuig an bpointe sin ar mhodh leictreonach.”